

An
Bord
Pleanála



Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2024

Misean:

Ról a imirt mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaonta, éifeachtúil agus oscailte, chun a chinntiú go n-urramaíonn forbairt fhisiciúil agus mórtionscadail bhonneagair in Éirinn prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

Sainordú:

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoi Acht um Rialtas Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976, agus tá sé freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc agus nithe áirithe eile faoi Achtanna um Pleanáil agus Forbairt eile arna leasú, agus cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais dhíreacha ar Bhonneagar Straitéiseach, iarratais dhíreacha faoi Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, agus forbairtí eile.

Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as déileáil le tograí a bhaineann le fáil éigeantach talún ag údaráis áitiúla agus ag comhlachtaí eile faoi achtacháin éagsúla. Ina theannta sin, déanann An Bord Pleanála cinneadh maidir le hachomhairc faoi Achtanna um Thruailliú Uisce agus Achtanna um Rialú Foirgníochta.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2024

Don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

De réir na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt (arna leasú),
tíolacann An Bord Pleanála leis seo a Thuarascáil Bhliantúil agus
Cuntais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024.

Peter Mullan

An tUasal Peter Mullan
Cathaoirleach Atá ag Dul As Oifig, An Bord Pleanála
POF, An Coimisiún Pleanála

Bríd Hill

Bríd Hill, Uasal
Príomhoifigeach, An Bord Pleanála
Príomhoifigeach, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 30 Meitheamh 2025



Achoimre 2024

Oibríochtaí 2024 Cásanna Pleanála



Faighte
2,727

Diúscartha
3,705

Oibríochtaí 2023 Cásanna Pleanála



Faighte
3,272

Diúscartha
3,284

Oibríochtaí

	2024		2023	
	Faighte	Diúscartha	Faighte	Diúscartha
Gnáthachomhairc Phleanála	1,986	2,707	2,035	2,126
Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Eintitis Phríobháideacha / Gnóthairí Reachtúla): Gach cás	122	133	116	102
Forbairt Bonneagair Straitéisigh (Údarás Áitiúil)	20	42	49	34
Tionscadail Údaráis Áitiúil Eile ¹	95	158	105	68
Iarratais d'Fhorbairt Tithíochta Straitéisí	15*	27	0	42
Tobhach Láithreán Folamh	26	32	23	25
Cineálacha Cásanna Eile	463	606	944	887

Airgeadas

€2024

€2023

Ioncam

Deontas Oireachtais	36,648,388	30,144,159
Táillí / Aisghabháil	5,393,983	5,482,145
Eile ²	4,216,297	3,919,068

Ioncam Iomlán

46,258,668 **39,545,372**

Caiteachas

49,144,621 **40,259,580**

Barrachas / (Easnamh) don bhliain roimh leithreasuithe	(2,885,953)	(714,208)
Aistriú ó / (chuig) Cuntas Caipitil	(74,508)	54,857
Barrachas / (Easnamh) don bhliain i ndiaidh leithreasuithe	(2,960,461)	(659,351)

¹ Tá Measúnacht Chuí san áireamh

² Tá Glanchiste Pinsin Iarchurtha, Ús Taisce agus Ioncam Ilghnéitheach san áireamh.

* Arna n-athchur i ndiaidh AB



Sracfhéachaint ar 2024

Cásanna Pleanála



Faighte

2,727

Diúscartha

3,705

*Breith Roinnte san Áireamh

79



Forbairt Mhórscála
Chónaithe Diúscartha

Gnáthachomhairc Phleanála

Faighte

1,986

Diúscartha

2,707



**Tá Achomhairc Forbartha Mórscála Cónaithe san áireamh

Bearta Talún Gníomhacha

Faighte Cinneadh Déanta

Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (CTCC)

136

143

Láithreáin Thréigthe

101

92

Iarratais ar Fhorbairt Tithíochta Straitéisí Diúscartha

27



175



Forbairtí Bonneagair
Straitéisigh Diúscartha

Tithíochta

Ceadaithe

Aonad

Diúltaithe

Tithíocht Straitéiseach (FTS)

7

1,517

15

Forbairt Mhórscála Chónaithe (FMC)

45

7,292

13

Gnáthachomhairc Phleanála

513

7,043

405

Iomlán Foriomlán

565

15,852

433

Ábhar

1. Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála	10
Gach Cás Pleanála	11
Achomhairc Phleanála	12
Forbairt Mhórscála Chónaithe	13
Forbairt Tithíochta Straitéisí	14
Forbairtí Bonneagair Straitéisigh	15
Pleanáil Limistéir Mhuirí	16
Cineálacha Cásanna Eile	17
Éisteachtaí ó Bhéal	17
Tuarascálacha agus Moltaí	19
Tionscadail Chomhleasa	19
2. Gnóthaí Corparáideacha	20
Dlíthiúil	21
Comhlíonadh	25
3. Rialachas	28
Baill den Bhord	29
Comhairligh Sheachtracha ceaptha faoi alt 124 d'Acht um Fhorbairt agus Pleanáil, 2000	31
Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú	32
Plean Straitéiseach	32
Bainistíocht Riosca	32
Íocaíochtaí Prasa	32
Dualgas Comhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí	32
Eitic in Oifigí Poiblí	32
Cothromaíocht Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú	33
4. Tuarascáil Rialachais & Ráitis Airgeadais	34
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird	35
Ráiteas faoin Rialú Inmheánach	42
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	45

Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach	46
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	47
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	48
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	49
Aguisíní Thuarascáil Bhliantúil 2024	70
1. Achoimre ar Gach Cás Pleanála	71
2. An Meánmhéid Ama a Thógann sé chun Cásanna a Dhiúscairt (Seachtainí)	71
3. Achomhairc Phleanála Faighte / Diúscartha / Cásanna Fós Idir Lámha	71
4. Cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh (Eintitis Phríobháideacha agus Gnóthairí Reachtúla)	72
5. Cásanna Forbartha Bonneagair Straitéisigh (Údaráis Áitiúla)	72
6. Tionscadail Údaráis Áitiúil	72
7. Cásanna Measúnachta Cuí	72
8. Cásanna Forbartha Tithíochta Straitéisí 2024	73
9. Tobhach Láithreán Folamh	73
10. Cineálacha Cásanna Pleanála Eile	73
11. Achoimre ar Chásanna Neamhphleanála Eile	74
12. Achomhairc ar Cháin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe	74
13. Anailís ar Chinntí Achomhairc Pleanála	75
13A. Achomhairc Phleanála Faighte bunaithe ar Chatagóir / Ceantar Forbartha	76
13B Gnáthachomhairc Phleanála Faighte agus Arna gCinneadh bunaithe ar Cheantar 2024	78
14A. Achoimre ar Chásanna Diúscartha trí Thagairt a dhéanamh do Thréimhse Oibiachtúil Reachtúil: Gnáthachomhairc Phleanála	80
14B. Achoimre ar na Cásanna ar fad Diúscartha trí Thagairt a dhéanamh do Thréimhse Oibiachtúil Reachtúil: Iarratais d'Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh	80
14C. Achoimre ar na Cásanna ar fad Diúscartha trí Thagairt a dhéanamh do Thréimhse Oibiachtúil Reachtúil: Gach Cás Eile	81
14D. Achoimre ar na Cásanna ar fad Diúscartha trí Thagairt a dhéanamh do Thréimhse Oibiachtúil Reachtúil: Cásanna Iomlána	81

Ráiteas an Chathaoirligh

Ráiteas Oscailte Tuarascáil Bhliantúil 2024

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Bhoird Pleanála (An Coimisiún Pleanála anois) don bhliain 2024 a thíolacadh ina soláthraítear cuntas mionsonraithe ar obair agus ar ráitis airgeadais an Bhoird don bhliain.

Ar thosach feidhme Chuid 17 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, tháinig An Coimisiún Pleanála chun a bheith ann ar an 18 Meitheamh 2025. Foráiltear in Alt 495(3) den Acht go bhforléireofar tagairtí in aon achtachán, imeacht dlí nó doiciméad do An Bord Pleanála, ar nó i ndiaidh thosach feidhme an ailt seo, mar thagairtí do An Coimisiún Pleanála. Is í seo tuarascáil bhliantúil deiridh 'An Bord Pleanála' a bunaíodh faoi Acht 1976. Is í seo an 48^ú Tuarascáil Bhliantúil.

Tá forbairtí dearfacha bunaithe ar bhonn láidir agus tá An Coimisiún Pleanála bunaithe ar bhonn láidir. Is mian liom aitheantas a thabhairt don ról a d'imir ár gcomhghleacaithe ar fad in An Bord Pleanála le breis is 48 bliain anuas. Tríd an tseirbhís phoiblí a chuir siad ar fáil tá obair shuntasach déanta acu ar mhaithe le córas pleanála na hÉireann i gcaitheamh na mblianta sin.

Is mian leis an eagraíocht a misean a chomhlíonadh agus beidh a sainordú fós bunaithe ar na bunluachanna eagraíochtúla seo a leanas - Neamhspleáchas agus Neamhchlaontacht, Gairmiúlacht agus Ionracas, Rannpháirtíocht agus Trédhearcacht.

Ag feidhmiú mar an comhlacht achomhairc pleanála náisiúnta roimh iontaoibh tríd an gcóras athbheithnithe bhreithiúnaigh, tá ualach dlí suntasach ar An Bord Pleanála agus costas gaolmhar mar thoradh gurb é an t-údarás rialála pleanála deiridh.

In 2024, achomharcadh 5.9% (7.4% in 2023) de na hiarratais phleanála náisiúnta chuig an mBord, agus bhí 48% (47.6% in 2023) de chásanna a phróiseáil an Bord éagsúil, aisiompaíodh 24% (22.4% in 2023) agus deimhníodh 28% (30% in 2023). I dteannta leis na 31 údarás pleanála in Éirinn, is léir go bhfuil an eagraíocht ag leanúint ar aghaidh le seirbhís phoiblí thábhachtach a sholáthar agus le ról ríthábhachtach a imirt i bpleanáil chuí agus i bhforbairt inbhuanaithe na hÉireann.

Baill Boird agus Baill Foirne a Cheapadh

Fáiltítear go mór roimh an líon breise, suas le 15 Bhall Boird, dá bhforáiltear dó sa reachtaíocht agus i rith 2024 leanadh ar aghaidh le tuilleadh ceapachán buan a dhéanamh ar an mBord. Cheap an Rialtas seisear ball Boird nua i mí Mheán Fómhair 2024 agus ceapadh ball buan eile i mí Eanáir 2025. Ó mhí Eanáir 2025, bhí an líon iomlán ball Boird buan ceaptha den chéad uair riamh. Bhí suas le 17 mball Boird in situ i Ráithe 4 2024 chun cabhrú leis an aistriú éifeachtach ó bhaill Bhoird shealadacha a bhí i mbun seirbhíse i rith 2023/2024 go dtí bhaill bhuna nua.

Chiallaigh an acmhainn mhéadaithe seo gurbh fhéidir an riaráiste oibre a laghdú go suntasach, riaráiste oibre a bhí le tabhairt faoi deara de bhrí gur laghdaigh líon na mball Boird ag deireadh 2022 agus ag tús 2023.



Fuarthas cead do 117 post nua ón Roinn, cinneadh a d'eascair as Pleananna Foirne oibre ó 2021, agus tá 115 de na poist sin líonta. Reáchtáladh feachtais earcaíochta shuntasacha i rith 2024 agus táthar ag leanúint ar aghaidh le feachtais a rith in 2025. Tá ag éirí leis an mBord líon suntasach iarratasóirí a mhealladh le haghaidh na bpost ar fad atá fógartha.

Ag deireadh 2024 bhí 290 ball foirne/ball Boird i mbun oibre. Is méadú a bhí ansin i gcomparáid le figiúr 2023 - 254 duine lena n-áirítear an Bord agus méadú 43% ar an líon iomlán acmhainní ag deireadh 2022. D'éirigh leis an eagraíocht tacú le ráta 92%- 94% chun poist a líonadh i rith 2025.

Ualach Oibre agus Feidhmíocht

In 2024, bhí an líon iarratas pleanála a ndearnadh cinneadh maidir leo i ngach údarás pleanála cothrom le 33,535 (27,562 in 2023) agus achomharcadh 1,986 (2,035 in 2023) díobh sin chuig an mBord. Bhí líon iomlán na gcásanna a cuireadh faoi bhráid an Bhoird (achomhairc agus iarratais dhíreacha) in 2024 cothrom le 2727, sin laghdú 16.6% i gcomparáid le líon na gcásanna in 2023 a bhí cothrom le 3272. Fianaise ba ea líon na gcásanna in 2023 ar an líon suntasach cásanna achomhairc (600+) a fuarthas a bhain leis an gCáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe.

In 2024, rinneadh cinneadh maidir le 3,705 cás ar fad, sin méadú 12.8% i gcomparáid le 2023 (3,284). Faoi dheireadh na bliana, bhí líon iomlán na gcásanna idir lámha cothrom le 1,576, sin laghdú ó 2,564 in 2023, agus laghdú 38% sa líon cásanna idir lámha.

In 2024, ghlac An Bord Pleanála le 71 achomharc a bhain le Forbairt Mhórsála Chónaithe (FMC) faoi alt 127 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. I rith na bliana, tugadh 79 achomharc FMC chun críche. Rinneadh cinneadh foirmiúil maidir le 58 cás agus rinneadh 21 cás a dhiúscairt go neamhfhoirmiúil. As an 58 cás a ndearnadh cinneadh foirmiúil maidir leo, rinneadh cinneadh maidir le 100% laistigh den tréimhse reachtúil 16 sheachtain, agus ar an meán, bhí cásanna á ndiúscairt laistigh de 12.95 seachtain.

Athbhreithniú Oifig an Rialaitheora Pleanála ar An Bord Pleanála 2022

I ndiaidh athbhreithniú Oifig an Rialaitheora Pleanála in 2022 rinneadh dul chun cinn suntasach i ndáil leis na moltaí seo a chur chun feidhme.

Bhí 11 mholadh san áireamh sa chéad chéim agus bhí 23 moladh eile san áireamh sa dara céim.

In 2023 bhíothas ag díriú ar ghlacadh le Cód Iompair Leasaithe do An Bord Pleanála, an t-athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta a bhí bunaithe cheana féin a bhain le Frith-Chalaois agus le Nochtuithe Cosanta, agus beartais nua a bhain le dearbhuithe Alt 147. In 2024, bhí béim á leagan ar chríoch a chur leis an doiciméad nósanna imeachta scríofa agus forbairt a dhéanamh ar chumarsáid agus a leithéid a thabhairt chun rialtacha chomh fada is a bhain le rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara.

Cumarsáid - Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara

I rith 2024 tugadh méadú suntasach faoi deara ar rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i gcuinnithe a reáchtáladh le hionadaithe ó Chomhlachtaí Stáit, Comhlachtaí Forordaithe, ENRanna Comhshaoil, Grúpaí Fuinnimh In-athnuaite agus Grúpaí Gnó agus Tionscail. Reáchtáladh an chéad chruinniú den Ghrúpa Páirtithe Leasmhara Seachtracha, príomh-mholadh a rinne OPR, ag deireadh mhí na Bealtaine 2024 agus bhí meascán páirtithe leasmhara i láthair. Buailfidh baill an ghrúpa seo le chéile faoi dhó sa bhliain. Reáchtáladh an chéad chruinniú i gcomhair 2025 i mí Eanáir.

Nóta Buíochais

Is mian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad agus leis na baill den Bhord a chabhraigh leis an obair mhór a rinneadh in 2024, daoine atá tiomanta do dhul chun cinn suntasach a dhéanamh chomh fada is a bhaineann lenár líon cásanna, agus leanúint ar aghaidh freisin leis an dul chun cinn atá déanta i ndáil le rátaí comhlíonta méadaithe i gcomhthéacs na cinnteoireachta i rith 2025.

Is mian liom buíochas a ghabháil freisin leis na baill eatramhacha den Bhord a chabhraigh leis an dul chun cinn suntasach a rinneadh i rith 2024 agus atá i ndiaidh filleadh ar a bhfostóirí faoi seach anois, (Liam Bergin, Stephen Brophy, Joe Boland, Mary Cregg, Una Crosse agus Stewart Logan).

Ar deireadh, is mian liom buíochas a ghabháil leis an Aire agus lena chuid oifigeach sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, as an tacaíocht ar fad a thug siad dúinn i rith na bliana.



1

Cásobair agus Feidhmíocht Pleanála


Gach Cás Pleanála	11
Achomhairc Phleanála	12
Forbairt Mhórscála Chónaithe	13
Forbairt Tithíochta Straitéisí	14
Forbairtí Bonneagair Straitéisigh	15
Pleanáil Limistéir Mhuirí	16
Cineálacha Cásanna Eile	17
Éisteachtaí ó Bhéal	17
Tuarascálacha agus Moltaí	19
Tionscadail Chomhleasa	19

Gach Cás Pleanála

In 2024, laghdaigh líon na gcásanna pleanála 16.6% go dtí 2,727 ó 3,272 in 2023.

In 2024, rinneadh cinneadh maidir le 3,705 cás ar fad, sin méadú 12.8% i gcomparáid leis an mbliain

roimhe sin (3,284). Faoi dheireadh na bliana, bhí líon iomlán na gcásanna idir lámha cothrom le 1,576, sin laghdú ó 2,564 in 2023.



Fíor 1: Glacadh le agus Diúscairt Cásanna 2020 – 2024


Tréimhsí Oibiachtúla Reachtúla chun Cinneadh a Dhéanamh maidir le Cásanna

Forálacha sna hAchtanna agus Rialacháin um Pleanáil, Rialú Foirgníochta agus Thruailliú Uisce déanta faoi na hAchtanna seo, leagtha síos mar chuspóir de chuid An Bord Pleanála, a mhéid is atá indéanta, a dhéanann achomharc air, agus tá nithe áirithe eile á gcinneadh laistigh de thréimhsí sonraithe ama. I bhformhór na gcásanna, is 18 sheachtain atá i gceist; tá 4 mhí i gceist i roinnt cásanna agus i gcásanna eile fós níl aon tréimhse ama oibiachtúil reachtúil i bhfeidhm.

In 2024, rinneadh cinneadh maidir le 25% de gach cás pleanála laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil (SOP) i gcomparáid le 28% in 2023. Is fianaise é an laghdú ar SOP ar an tslí a dhírigh an Bord in 2024 ar na cásanna níos sine sa chóras. Bhí na cásanna sin lasmuigh dá SOP cheana féin.

Diúscairt cásanna i seachtainí

Ar an meán, thóg sé 41.7 seachtain chun cinneadh a dhéanamh maidir le gach cás pleanála in 2024.



Fíor 2: An tréimhse oibiachtúil reachtúil á comhlíonadh sa tréimhse idir 2020 – 2024

Achomhairc Phleanála

Eascaíonn achomhairc phleanála as cinntí a dhéanann údarais phleanála maidir le cead chun talamh a fhorbairt.


In 2024 fuarthas 1,986 achomharc phleanála, figiúr a bhí cothrom le 73% de na cásanna uile a cuireadh faoi bhráid an Bhoird, laghdú de 49 i gcomparáid leis an líon a fuarthas in 2023 (2,035).

Bhí líon na n-achomharc diúscartha in 2024 níos airde ná an bhliain roimhe sin - 2,707 (2,126 in 2023).

Áirítear ar na cásanna diúscartha achomhairc neamhbhailí, dífe agus aistarraingthe a bhí cothrom le 430 ar fad. Bhí líon na n-achomharc a fógraíodh mar neamhbhailí sa chás nach bhfuil critéir reachtúla áirithe comhlíonta, mar shampla, achomhairc dhéanacha, táillí míchearta nó cúiseanna eile, cothrom le 292.

Léargas ar Achomhairc bunaithe ar an gCeantar

Tá tábla d'achomhairc phleanála faighte agus arna gcinneadh de réir an cheantair le fáil in Aguisín 13B den tuarascáil seo.




Fíor 3: Achomhairc Phleanála – Iontógáil agus Diúscairt 2020- 2024

Bhí líon na n-achomharc diúscartha in 2024 níos airde ná an bhliain roimhe sin - 2,707 (2,126 in 2023).

Forbairt Mhórscála Chónaithe

Tagann an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairtí Cónaithe Mórscála), 2021 (FCM), in ionad na reachtaíochta a bhaineann le Forbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) agus foráiltear ann do phróiseas pleanála dhá chéim trí na húdaráis áitiúla agus ansin tríd an mBord nuair a dhéantar achomharc. Tá nádúr na bhforbairtí FCM cosúil leis an méid ar foráladh dó faoin gcóras FTS e.g. (100 teach nó níos mó, 200 spás leapa nó níos mó do chóiríocht do mhic léinn nó 200 spás leapa nó níos mó d'aonaid chóiríochta chomhroinnte).

In 2024, ghlac An Bord Pleanála le 71 achomharc FMC faoi alt 127 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. I rith na bliana, tugadh 79 achomharc FMC chun críche. Rinneadh cinneadh foirmiúil maidir le 58 cás agus rinneadh 21 cás a dhiúscairt go neamhfhoirmiúil. As an 58 cás a ndearnadh cinneadh foirmiúil maidir leo, rinneadh cinneadh maidir le 100% laistigh den tréimhse reachtúil 16 sheachtain, agus ar an meán, bhí cásanna á ndiúscairt laistigh de 12.95 seachtain.



Fíor 4: Iontógáil agus Diúscairt Forbairt Mhórscála Chónaithe 2022-2024

Iarratais d'Fhorbairt Tithíochta Straitéisí

Ainneoin gur tháinig an córas Forbairt Mhórsála Chónaithe in áit phróiseas an Iarratais d'Fhorbairt Tithíochta Straitéisí in 2022, ag tús 2024 bhí 56 iarratas FTS fós idir lámha. Bhí tionchar ag saincheistean na dlí áirithe a bhain le timthriall an phlean forbartha ar chuid de na cásanna seo. Dhéileáil breithiúnas na Cúirte Uachtaraí in Aibreán 2024 le gnéithe áirithe de na saincheistean seo.

I rith 2024, dhiúscair an Bord 27 cás agus rinne sé cinneadh foirmiúil maidir le 22 cás. Ag deireadh 2024, bhí 44 iarratas FTS idir lámha (bhí 15 iarratas curtha ar ais faoi bhráid an Bhoird ag an gCúirt). Tá sé beartaithe ag an mBord na cásanna FTS fágtha a dhiúscairt in 2025.



Forbairtí Bonneagair Straitéisigh

Foráladh in Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach), 2006, chun iarratais dhíreacha ar fhorbairt bonneagair straitéisigh phoiblí agus phríobháideach a chur faoi bhráid An Bord Pleanála.

Eintitis Phríobháideacha / Gnóthairí Reachtúla (Iarratais Phríobháideacha)

Baineann na hiarratais seo le forbairtí mórscála ina gcuimsítear bonneagar fuinnimh, iompair, comhshaoil agus sláinte. Rinneadh 39 iarratas (21 príobháideach) in 2024, rud a chiallaigh go raibh líon iomlán na n-iarratas a fuarthas cothrom le 280 (176 iarratas príobháideach) ó cuireadh tús leis na forálacha reachtúla in 2007.

Bhí an ráta comhlíonta a bhain leis an tréimhse oibiachtúil reachtúil ábhartha chun cinntí a dhéanamh don chatagóir cásanna seo cothrom le 18% in 2024 (7% in 2023).

I rith 2024, cuireadh 45 iarratas i gcrích, 20 iarratas a bhain le hiarratais d'fhorbairt bonneagair straitéisigh phríobháideach, 22 iarratas ar leictreachas agus 3 iarratas ar orduithe iarnróid.

Comhairliúchán Réamhiarratais

Sula ndéantar iarratas, tá sé éigeantach comhairliúchán réamhiarratais a dhéanamh le An Bord Pleanála (seachas más údarás áitiúil atá i gceist). In 2024, fuarthas 68 iarratas ar chomhairliúcháin réamhiarratais a bhain le cásanna forbartha bonneagair straitéisigh féideartha. Reáchtáladh 63 cruinniú, agus cuireadh 75 iarratas i gcrích.

Údaráis Áitiúla

Anuraidh, fuarthas 6 iarratas bonneagair straitéisigh (lena n-áirítear iarratais ar fháil éigeantach ghaolmhar) ó údaráis áitiúla. Cuireadh 25 iarratas i gcrích i rith 2024.

Fáil Éigeantach

Cuireadh 158 cás a bhain le fáil éigeantach i gcrích in 2024. Rinneadh 37 cinneadh neamhfhoirmiúil agus ní bhfuarthas aon agóid. As an 121 cás a cinneadh go foirmiúil, rinneadh 23 cás (19%) a dhiúscairt laistigh den tréimhse oibiachtúil reachtúil.

Measúnacht Chuí an Údaráis Áitiúil

Is measúnacht ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh plan nó tionscal díobháil do shláinte láithreáin Eorpaigh/láithreán Eorpach í an Mheasúnacht Chuí ag féachaint do Chuspóirí Caomhantais an láithreáin atá cosanta faoi Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Sa chás go n-éilíonn tionscadal údaráis áitiúil Measúnacht Chuí nó sa chás nach mór cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu atá nó nach bhfuil gá le Measúnacht Chuí, is é An Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil.

In 2024, fuarthas 29 cás Measúnachta Cuí agus cuireadh 63 cás i gcrích. As an 63 cás sin, ceadaíodh 50 cás, diúltaíodh do 5 chás, cinneadh go raibh gá le Ráiteas Tionchair Natura in 2 chás, cinneadh nach raibh gá le Ráiteas Tionchair Natura (RTN) in 3 chás, agus diúscaíodh 3 chás ar shlí eile.

I rith 2024, cuireadh 45 iarratas i gcrích, 20 iarratas a bhain le hiarratais d'fhorbairt bonneagair straitéisigh phríobháideach, 22 iarratas ar leictreachas agus 3 iarratas ar orduithe iarnróid.

Pleanáil Limistéir Mhuirí

Baineann pleanáil agus forbairt mhuirí le forbairt laistigh den limistéar muirí lena mbaineann próiseas dhá chéim ina gceanglaítear ar an iarratasóir toiliú limistéir mhuirí nó ceadúnas imeall trá a bheith aige nó aici agus, ina dhiaidh sin, is féidir iarratas díreach a chur faoi bhráid An Bord Pleanála chun cead a fháil.

Thosaigh An Bord Pleanála ag feidhmiú mar údarás toilithe d'iarratais Phleanála Limistéir Mhuirí in 2023. Sula gcuirtear iarratas Pleanála Limistéir Mhuirí chun cead a fháil faoi bhráid an Bhoird faoi alt 291 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), ní mór don iarratasóir ionchasach páirt a ghlacadh i gcomhairliúchán le An Bord Pleanála faoi alt 287 den Acht. Mar chuid den chomhairliúchán, tá cead ag an iarratasóir ionchasach cruinniú a lorg leis an mBord chun a thuairim a fháil maidir le solúbthacht roghanna dearaidh* i ndáil leis an iarratas. Tá sé sin leagtha amach in alt 287A agus in alt 287B den Acht.

Comhairliúchán Réamhiarratais

In 2024, cuireadh 7 gcomhairliúchán réamhiarratais faoi bhráid an Bhoird, agus bhain ceann acu le solúbthacht roghanna dearaidh.

Ag féachaint do nádúr, scála agus castacht na saincheistanna maidir leis na forbairtí beartaithe, reáchtáladh roinnt cruinnithe comhairliúcháin réamhiarratais faoi alt 287 i ngach cás. Sa chomhthéacs seo, reáchtáladh 8 gcrúinniú in 2024, agus bhain cruinniú amháin le solúbthacht roghanna dearaidh.

Iarratais Dhíreacha

Taisceadh 4 iarratas Chéim 1 - Pleanáil Limistéir Mhuirí Feirm Ghaoithe Amach ón gCósta in 2024, agus i gcás 3 iarratas tá tuilleadh faisnéise ag teastáil ó na hlarratasóirí.



*Sa bhreis ar sholúbthacht roghanna dearaidh do chineálacha cásanna Pleanála Muirí, foráiltear do sholúbthacht roghanna dearaidh i ngach cineál cáis anois de dhroim Rialacháin an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú Uimh. 3), 2023.

Cineálacha Cásanna Eile

Cáin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe (CTCC)

Is cáin nua í an Cháin ar Thalamh Chríosaithe Chónaithe a bhfuil sé mar aidhm léi soláthar tithíochta a mhéadú trí thailte forbartha cónaithe, seirbhísithe, críosaithe (lena n-áirítear tailte úsáide measctha) le haghaidh tithíocht. Tá sé mar aidhm leis an gcáin seo freisin úinéirí talún a dhreasú chun ceadanna pleanála reatha a úsáid le haghaidh tithíocht.

In 2024, fuarthas 136 iarratas CTCC ar fad. I rith na bliana, rinneadh cinneadh foirmiúil maidir le 143 iarratas, rinneadh iarratas amháin a dhiúscairt go neamhfhoirmiúil, agus ní raibh iarratas ar bith idir lámha. As an 143 cás a cinneadh go foirmiúil, rinneadh cinneadh maidir le 100% de na cásanna laistigh de thréimhse reachtúil 16 sheachtain.

Éisteachtaí ó Bhéal

Go ginearálta, déileáiltear le hachomhairc agus le hatreoruithe bunaithe ar aighneachtaí scríofa ó na páirtithe, i dteannta le hiniúchadh láithreáin á dhéanamh ag cigire atá ceaptha ag An Bord Pleanála. Ainneoin go bhfuil lánrogha ag an mBord maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart éisteacht ó bhéal a reáchtáil maidir le haon chás atá os a chomhair, go ginearálta reáchtáiltear éisteachtaí ó bhéal le haghaidh cásanna a bhaineann le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh (OCÉ), iarratais bhonneagair straitéisigh agus cásanna eile atá casta agus/nó ar mhórsála.

I rith 2024, reáchtáladh 23 éisteacht ó bhéal. Astu sin, bhain 20 cás le hOrduithe Ceannaigh Éigeantaigh. Bhain cás amháin le hiarratas larnróid d'Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh, bhain cás amháin le hiarratas príobháideach Bonneagair Straitéisigh agus bhain cás amháin le OCÉ Bóthair Údaráis Áitiúil.

An Cineál Cáis	2024	2023	2022	2021	2020
OCÉ	20	5	9	16	8
FBS/PCÁ	3	1	2*	1	7
FTS	0	0	2	1	4
Achomhairc	0	1	1	0	0
CFS	0	0	0	0	0
Iomlán	23	7	13	18	19

Tábla 1: Éisteachtaí ó Bhéal Reáchtáilte

*Reáchtáladh éisteacht ó bhéal a bhain le Forbairt Bóthair Údaráis Áitiúil in éineacht le héisteacht ó bhéal OCÉ gaolmhar agus glacadh leis sin mar chás amháin. Tá fianaise ar an bpointe sin le fáil sa líon iomlán éisteachtaí ó bhéal a reáchtáladh in 2022.

In 2024, fuarthas 136 iarratas CTCC ar fad. I rith na bliana, rinneadh cinneadh foirmiúil maidir le 143 iarratas, rinneadh iarratas amháin a dhiúscairt go neamhfhoirmiúil, agus ní raibh iarratas ar bith idir lámha.



Tuarascálacha agus Moltaí

Go ginearálta déanann baill Bhoird An Bord Pleanála cinntí maidir le gach achomharc agus iarratas bailí de bhua tuarascálacha agus moltaí ullmhaithe ag cigirí. Ceaptar cigirí seachtracha i líon beag réimsí oibre speisialaithe cosúil le cásanna a bhaineann le Sábháilteacht ó Dhóiteán agus Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas, nó mar speisialtóirí (mar shampla: hidreolaithe) chun cabhrú le cigirí tuairiscithe intí le gnéithe de chásanna áirithe.

Ullmhaíodh 2,572 tuarascáil cigire don Bhord in 2024, sin laghdú i gcomparáid leis an 2,777 cás a ullmhaíodh in 2023. Cigirí intí a d'ullmhaigh an chuid is mó de na tuarascálacha 2,107 (2,387 in 2023). D'ullmhaigh cigirí tuairiscithe seachtracha 465 tuarascáil don Bhord in 2024 (390 tuarascáil in 2023).

In 2024, ghlac an Bord go ginearálta le 89% de na moltaí a rinne cigirí, sin laghdú beag i gcomparáid leis an ráta glacachta 90% a tugadh faoi deara in 2023.

***Ullmhaíodh 2,572
tuarascáil cigire don
Bhord in 2024.***

Tionscadail Chomhleasa

Is é An Bord Pleanála an tÚdarás Inniúil Náisiúnta (ÚIN) do Thionscadail Chomhleasa agus do Thionscadail Leasa Fhrithpháirtigh faoi Rialachán 2022/869 ón Aontas Eorpach maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh.

Is ionann liosta an Aontais agus liosta de thionscadail a roghnaíodh chun bonneagar fuinnimh trasteorann a chur chun feidhme san Aontas Eorpach. Tá dhá Thionscadal Comhleasa ar an liosta atá ábhartha go díreach do An Bord Pleanála agus a ról mar ÚIN.

An tIdirnascaire Ceilteach

An tIdirnascaire Ceilteach a thugtar ar idirnasc leictreachais idir La Martyre (An Fhrainc) agus Cnoc Rátha, Contae Chorcaí, uimhir 1.3 ar liosta an Aontais. Eisíodh an cinneadh cuimsitheach a bhain leis an tionscadal seo i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Stóráil Fuinnimh Hidrileictreach Caidéalaithe Bhéal Átha Gabhann

Tionscadal stórála fuinnimh hidrileictreach caidéalaithe ag Béal Átha Gabhann, Co. Thiobraid Árann, uimhir 1.13 ar liosta an Aontais. Thug tionscnóir an tionscadail fógra do An Bord Pleanála (ÚIN) i mí na Nollag 2024 ag cur in iúl dó go raibh sé ag iarraidh tús an phróisis bronnta ceadúnas a bhunú faoin Rialachán. I mí Feabhra 2025, tugadh le fios go raibh an tionscadal sách aibí chun páirt a ghlacadh sa phróiseas bronnta ceadúnas.



2

Gnóthaí Corparáideacha

Dlíthiúil	21
Comhlíonadh	25

Dlíthiúil

Tá An Bord Pleanála ag leanúint ar aghaidh lena acmhainn dlí a fheabhsú chun léargas a thabhairt ar an gcastacht a bhaineann le cinnteoireacht i ngnéithe pleanála agus comhshaoil.

Soláthraíonn an Roinn Gnóthaí Dlí comhairle agus cúrsaí oiliúna maidir le saincheisteanna dlí a eascraíonn as dlí pleanála agus comhshaoil, mar aon le cinnteoireacht go ginearálta. Oibríonn an fhoireann Gnóthaí Dlí i ngach feidhm den Bhord chun obair an Bhoird a ailíniú le cinntí agus le fasaigh na nUaschúirteanna agus chun rudaí a fhoghlaim ó bhreithiúnais Chúirte.

Cosnaíonn an Bord a chinntí in athbhreithniú breithiúnach, is cuma má chinn an Bord cead a thabhairt nó a dhiúltú. Is cuid de ról dlí poiblí an Bhoird é sin agus den ghá atá le cinnteacht i ndlí pleanála agus comhshaoil.

Díol suntais is ea go dtagróidh iarratasóir ar athbhreithniú breithiúnach do roinnt foras go ginearálta chun dúshlán bailíocht chinneadh de chuid an Bhoird a thabhairt. Ní mór don Bhord gach uile fhoras a chosaint go rathúil. D'éirigh leis an mBord gach bunfhoras ach amháin foras amháin i gcás a chosaint, ach d'fhéadfaí an cas ar fad a chur ar neamhní de bhrí nárbh fhéidir leis an foras fágtha a chosaint.

Mar atá sonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil, san áireamh i gcaiteachas dlí an Bhoird in 2024 bhí costas na comhairle dlí a fuair an Bord agus na costais a d'eascair as athbhreithniú breithiúnach, a chostais féin agus na costais a bronnadh i gcoinne an Bhoird.

Is iarmhairt de bhreithiúnas Heather Hill na Cúirte Uachtaraí go raibh forais chomhshaoil ann, sin formhór na gcásanna, agus ní éireoidh leis an mBord a chostais a fhorchúiteamh, fiú má bhíonn an bua aige. Déanfaidh an t-iarratasóir ar athbhreithniú breithiúnach costais dlí a aisghabháil má bhíonn rath air nó uirthi ach ní bheidh sé nó sí faoi dhliteanas do chostais má chailleann sé nó sí. Is gné ar leithligh d'athbhreithniú breithiúnach é sin.

Tacaíonn an Bord leis na leasuithe atá sonraithe in Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024, agus le gach tionscnamh a bhfuil sé mar aidhm leo costais dlí i gcásanna comhshaoil a laghdú. Chomh maith leis sin, tacaíonn an Bord le tionscnaimh agus leasuithe a chuireann dlús le héisteacht agus le cur i gcrích iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar liosta Pleanála agus Comhshaoil na hArd-Chúirte.

Lena chois sin, cuireann an Bord na céimeanna seo a leanas i gcrích chun a chostais dlí a laghdú. Mar aon le cásanna a ghéilleadh ina sainaithear éiglíocht, déanann an Bord iarracht costais dlí in-aisghabhála a aisghabháil. Tagarmharcálann an Bord costais dlí agus déanann sé iarracht a eisíocaíocht ar chostais dlí a laghdú trí idirbheartaíocht shuntasach a dhéanamh ar éilimh tríú páirtí chun iad a laghdú. Atreoraíonn an Bord díospóidí chuig breithniú ar chostais dlí.

Adhmaíonn an Bord an obair thábhachtach a dhéanamh na gnólachtaí atunae ar conradh agus an grúpa abhcóidí a fheidhmíonn thar ceann an Bhoird.

Tá leas poiblí suntasach ann go gcuirfeadh an Bord faisnéis bhainistíochta maidir le scála agus cúrsa na n-athbhreithnithe breithiúnacha i gcoinne chinntí an Bhoird i láthair.

Tá trí thacar sonraí faisnéise ar leith maidir le dlíthíocht a raibh baint ag an mBord léi le fáil thíos.

Baineann an chéad tacar sonraí le hathbhreithnithe breithiúnacha nua a rinneadh i rith 2024. Baineann an dara tacar sonraí le cásanna a cuireadh i gcrích in 2024, nó sa chás go ndearnadh breithiúnas substainteach. Is é an tríú tacar sonraí na cásanna gníomhacha 'idir lámha' i rith 2024, arna sainiú mar chás ar urscaoil Gnóthaí Dlí nóta táillí lena aghaidh i rith na bliana.

Is tacair sonraí ar leithligh iad seo, agus ainneoin go bhféadfadh cas a bheith le feiceáil i dtacar sonraí amháin, in dhá thacar sonraí nó sa trí thacar sonraí, tairgeann na tacair sonraí peirspictíochtaí difriúla agus neamhspleácha maidir le hathbhreithniú breithiúnach i gcinnteoireacht phleanála agus chomhshaoil.

Athbhreithnithe breithiúnacha nua in 2024

Go gonta – 147 iarratas ar athbhreithniú breithiúnach, a raibh 143 acu seirbheáilte ar an mBord tráth scríofa an doiciméid seo. Is éard a bhí i gceist sa ghrúpa seo de 143 iarratas dúshlán a bhain le 139 cinneadh a rinne an Bord (is féidir dúshlán cinneadh a thabhairt trí níos mó ná athbhreithniú breithiúnach amháin). San áireamh sa 143 tacar imeachtaí tá 780 príomhfhoras, ina bhfuil suas le 591 foras dlí bhaile, 148 foras dlí AE agus 41 foras bailíochta.

82 tríú páirtí a bhí freagrach as na hathbhreithnithe breithiúnacha, 39 iarratasóir ar fhorbairt agus 22 'úinéir talún' (is leis na húinéirí talún a bhain an grúpa a raibh dúshlán CTCC/TLF nó fáil éigeantach/cinntí maidir le láithreáin thréigthe á thabhairt acu).

Tráchtáil	Tithíocht 2 – 99	Tithíocht FMS	Tithíocht FTA	Teach / Sealbhóir Tí Aonair
35	21	7	4	11
Bonneagar	In-athnuaite	Crann	CTCC	Láithreán Tréigthe
19	17	15	10	4

Tábla 2: Iarratais ar athbhreithniú breithiúnach bunaithe ar fhorbairt/cineál iarratais: 143

Bhí cead le haghaidh thart ar 3,042 teaghais ar fud gach cineál tithíochta faoi réir athbhreithnithe bhreithiúnaigh a tionscnaíodh in 2024.

Breithiúnais nó torthaí substainteacha in 2024

Déantar iarracht sa tacar sonraí seo faisnéis a bhailiú faoi chásanna lenar bhain breithiúnais nó

torthaí substainteacha in 2024. Taifeadtar torthaí a bhaineann le bua, caillteanas, lámháltas nó aistarraingt (lena n-áirítear CTCCanna curtha ar atráth go ginearálta ar feitheamh cás tástála). Níl breithiúnais nós imeachta san áireamh (e.g. cead achomhairc chuig cúirt níos airde). Tá líon iomlán na dtorthaí táblaithe sa tacar sonraí seo cothrom le 129.

Cineál Forbartha	Cásanna Buaite	Cásanna Caillte	Cásanna Géillte	Cásanna Aistarraingthe
Tráchtáil	5	2	15	4
FTA	3	7	7	6
FMS	0	0	2	0
Tithíocht 2 – 99	4	1	12	3
In-athnuaite	7	1	2	1
Bonneagar	1	2	0	0
CTCC	1	0	0	20
Crann	0	1	7	0
Láithreán tréigthe	0	0	1	0
Teach / sealbhóir tí aonair	2	0	5	1
Cairéal	3	1	2	0
Iomlán	26	15	53	35

Tábla 3: Breithiúnais nó torthaí substainteacha in 2024: 129

In 2024 tugadh líon ard cásanna lámhátais faoi deara agus táthar ag súil nach mbeidh líon chomh hard céanna cásanna le tabhairt faoi deara in 2025 agus ina dhiaidh sin.

Is míniú ar an gcúis atá leis an líon ard lámháltas in 2024 an méid seo a leanas. Ar an gcéad dul síos, in 2024 agus bunaithe ar chomhairle dlí, bhain an Bord tairbhe as cur chuige cúramach maidir le hathbhreithniú breithiúnach a chosaint,

mar gheall ar na breithiúnais dhíobhálacha le déanaí agus na costais dlí ghaolmhara. Ar an dara dul síos, chiallaigh acmhainní breithiúnacha méadaithe agus bainistiú liostaí gur díriodh ar éisteachtaí, rud ba chúis le cinneadh a bheith á dhéanamh ag an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfiúntas a bhain le cásanna a chosaint. Ar an tríú dul síos, rinne breithiúnais Chúirte in 2022 agus 2023 cinneadh maidir le ceisteanna dlí a bhí ábhartha do chásanna beo eile, rud a chiallaigh gur géilleadh do na cásanna níos déanaí

mar gheall ar réamhluach an cháis a cinneadh. Gnáthshampla de sin is ea deontas FTA ar tugadh dúshlán maidir leis ar fhorais sáraithe ábhartha ar airde foirgnimh, sa chás go raibh easpa ábhair curtha ar fáil chun acmhainn iompair phoiblí a léiriú chun brath ar RBPS 3 de Threoirlínte maidir le hAirdí Foirgnimh agus Forbairt Uirbeach 2018.

An Bhliain ar Cuireadh Tús le hImeachtaí	Líon na Lamháltas	Líon na gCaillteanas
2024	18	1
2023	19	2
2022	9	9
2021	6	2
2020	0	1
2015	1 (53)	0 (15)

Tábla 4: *Bliain tionscnaimh na n-athbhreithnithe breithiúnacha a cailleadh nó a géilleadh in 2024*

Déanann an Bord scrúdú ar na cúiseanna atá le gach lamháltas nó caillteanas. Rangaítear iad i gceann amháin de chúig chatagóir, agus is sruth oibre atá i ngach ceann d'oiliúint agus d'fheabhsú cáilíochta atá á chur ar fáil ag an Rannóg Gnóthaí Díl don eagraíocht.

Seo a leanas na cúig chatagóir:

1. Nós imeachta – forálacha Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, a bheith á gcomhlíonadh.
2. Nósanna imeachta córa – ag eascairt go ginearálta as achtú Plean Forbartha nua, mar a tharla in 2022 agus 2023.
3. Comhshaol – Measúnacht Chuí, Measúnú Tionchair Timpeallachta, an Chreat-treoir Uisce & Aeráid.
4. Réasúnú – Cigirí agus an Bord.
5. Sárú Ábhartha – gan sáruithe ábhartha an Phlean Forbartha ábhartha, i gcomhthéacsanna FTA nó tithíochta go háirithe, a shainaithint nó a fhírinniú.

Is céim amháin é an scrúdú spriocdhírthe seo la haghaidh cúiseanna atá le lamháltais nó caillteanais chun láidreacht chinnteoireacht an Bhoird a fheabhsú.



Cúis	Líon na Lamháltas	Líon na gCaillteanas
Nós Imeachta	10	5
Nósanna imeachta córa	7	0
Comhshaol	6	1
Réasúnú don chinneadh	14	3
Sárú ábhartha	16 (53)	6 (15)

Tábla 5: Cúiseanna le lamháltais nó le caillteanais

Cásanna dlí gníomhacha ‘idir lámha’

Anseo sainmhínítear ‘idir lámha’ gníomhach mar chás inar urscaoileadh nóta táillí in 2024. Beidh roinnt cásanna níos nuaí ina measc; beidh cásanna eile bunaithe le fada, agus níl le cur i gcrích as costais dlí a íoc.

De réir an tsainmhínithe sin, is í an freagra ar an gceist, ‘cé mhéad cásanna gníomhacha a bhí ann in 2024?’

392 (is ionann cás amháin agus an t-aon atreorú alt 50 a rinne an Bord agus is athbhreithnithe breithiúnacha na cásanna eile).

Is fianaise é líon na gcásanna atá idir lámha go bhféadfadh tréimhse fhada a bheith luaite le hathbhreithnithe breithiúnacha, mar shampla trí achomhairc agus tagairtí do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, nó trí shaincheisteanna a bhaineann le costais dlí a réiteach.

Tráchtáil	Tithíocht 2 – 99	Tithíocht FMS	Tithíocht FTA	Teach / Sealbhóir Tí Aonair
77	47	9	83	23

Bonneagar	In-athnuaite	Crann	CTCC	Cairéal
32	41	25	32	23

Tábla 6: Cásanna ‘idir lámha’ gníomhacha bunaithe ar fhorbairt/cineál iarratais: 392

Anseo sainmhínítear ‘idir lámha’ gníomhach mar chás inar urscaoileadh nóta táillí in 2024.

Comhlíonadh

Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC).

Forálann na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, an Acht um Shaoráil Faisnéise agus na Rialacháin maidir le Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol, do rochtain ar fhaisnéis áirithe maidir le hoibríochtaí An Bord Pleanála.

Iarratas SF / RFC	SF 2024	SF 2023	RFC 2024	RFC 2023
Iarratais faighte	74	99	39	36
Ceadaithe	16	19	5	13
Páirtcheadaithe	23	36	12	13
Diúltaithe	35	44	22	10

Tábla 7: Iarratas SF/RFC in 2024

Idirchaidreamh Bhaill an Oireachtais

Tá socruithe déanta ag An Bord Pleanála chun faisnéis a chur ar fáil do bhaill an Oireachtais ar iarratas. In 2024, fuarthas 23 iarratas ó bhaill an Oireachtais. Foilsítear freagraí ar fhiosrúcháin ar bhonn ráithiúil ar ár suíomh gréasáin.

An Ghaeilge

Tá An Bord Pleanála lántiomanta dá oibleagáidí agus tiomantais i ndáil le comhionanna na dteangacha oifigiúla a chomhlíonadh faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2001, na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, agus a Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí agus Scéim Teanga.



An Tuarascáil um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024

Ár Spriocanna

Oibleagáidí Monatóireachta & Tuairiscithe (M&T)

In 2024, chomhlíon An Bord Pleanála a chuid oibleagáidí ar fad faoin Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide chun a úsáid fuinnimh agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe a thuairisciú trí Chóras M&T SEAI. Go dtí seo, tá dul chun cinn suntasach déanta ag An Bord Pleanála maidir le dícharbónú.

In 2024, d'fheabhsaigh An Bord Pleanála a fheidhmíocht fuinnimh 65.1% ón bhfigiúr bonnlíne de 742,877 kWh, a bhí bunaithe ar an meánfhiigiúr bonnlíne i gcomhair 2006-2008, arna sonrú ag SEAI.

Tá na hastaíochtaí CO2 iomlána de 125,447 kg cothrom le laghdú 41.7% i gcomparáid leis an bhfigiúr bonnlíne a bhí bunaithe ar an meánfhiigiúr bonnlíne i gcomhair 2016-2018, arna sonrú ag SEAI.


Coimeádadh an t-aschur breosla iontaise CO2 ag 0 kg CO2. Tá sé sin ailínithe leis an bhfigiúr bonnlíne don eagraíocht.

Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide

In 2024, choimeád An Bord Pleanála Treochlár um Ghníomhú ar son na hAeráide cothrom le dáta atá á nuashonrú go rialta de réir nuashonruithe a foilsíodh sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Astaíochtaí Carbóin a Bhaineann le hAerthaisteal a Fhritháireamh

De réir Imlitir 1/2020, chuir An Bord Pleanála íocaíocht luach €39.08 ar fáil don Chiste um Ghníomhú ar son na hAeráide chun astaíochtaí carbóin a fhritháireamh a gineadh mar thoradh ar aerthaisteal idirnáisiúnta a rinneadh in 2024.



Ár bhFoireann

Seaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta

Ceapadh Oifigeach Riaracháin Sinsearach mar Sheaimpín Aeráide agus Inbhuanaitheachta a bhí ag feidhmiú mar idirghabhálaí idir an Fhoireann Ghlas, an Coiste Bainistíochta agus an Coiste Comhpháirtíochta ar ghníomhaíochtaí leanúnacha a bhain leis an ngníomhú ar son na haeráide.

An Fhoireann Ghlas

In 2024, d'athstruchtúraigh An Bord Pleanála a Fhoireann Ghlas. Ullmhaíodh cairt inar sonraíodh sainchúram na Foirne Glaise agus ina ndearnadh idirdhealú idir baill den choiste agus lucht tacaíochta. Forálann an “lucht tacaíochta” do rannpháirtíocht ag gach leibhéal chun páirt a ghlacadh i gcainteanna agus i gceardlanna agus chun cur leis na nuachtlitreacha, agus buaileann “baill an choiste” le chéile gach mí chun a chinntiú go bhfuil dlús á chur leis na tionscnaimh aeráide.

Cúrsaí Oiliúna agus Ceardlanna Foirne

D'eagraigh an Fhoireann Ghlas ceardlann agus labhair Comhairleoir Fuinnimh leis na baill foirne faoin mbealach a d'fhéadfaí éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú san oifig agus sa bhaile.

Thug ionadaí ó Chuideachta Bainistíochta Dramhaíola Thorntons cur i láthair do bhaill foirne na Foirne Bainistíochta Saoráidí agus Comhshaoil faoi bhainistíocht dramhaíola.

Gníomhaíochtaí agus Iompar Inbhuanaitheachta

Tionscadail Bainistíochta Saoráidí

Cuireadh iarfheistiú LED ar an gcóras soilsithe i gcrích san oifig chun éifeachtúlacht fuinnimh a chumasú.

Chomhoibrigh An Bord Pleanála lena Chonraitheoirí Bainistíochta Saoráidí chun iarracht a dhéanamh 0% dramhail a chur isteach i líonadh talún, aidhm a comhlíonadh i mí na Samhna 2024.

Feithiclí agus Iompar

Ainneoin nach bhfuil aon fhlít feithiclí ag An Bord Pleanála, táthar ag tacú le taisteal inbhuanaithe ar fud na heagraíochta. Bhronn an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) Marc Airgid Taistil Níos Cliste ar An Bord Pleanála. Ghlacamar páirt in imeachtaí NTA a eagraíocht tríd an gclár Taistil Níos Cliste, ina measc:

- dúshláin siúil,
- tacú le Seachtain na Rothar agus ceardlann cothabhála rothar a eagrú don fhoireann, agus
- suirbhé taistil a dhéanamh.

Sa bhreis ar na tionscnaimh sin, thairg An Bord Pleanála deis don fhoireann tairbhe a bhaint as an scéim Bike2Work agus ticéid Choigilteora Cánach do chostais taistil laghdaithe, chun daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as iompar inbhuanaithe.

In 2024, chomhlíon An Bord Pleanála a chuid oibleagáidí ar fad faoin Sainordú um Gníomhú ar son na hAeráide chun a úsáid fuinnimh agus gníomhaíochtaí inbhuanaithe a thuairisciú trí Chóras M&T SEAI.



3

Rialachas

Baill den Bhord	29
Comhairleoirí Seachtracha	31
Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú	32
Plean Straitéiseach	32
Bainistíocht Riosca	32
Íocaíochtaí Prasa	32
Dualgas Comhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí	32
Eitic in Oifigí Poiblí	32
Cothromaíocht Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú	33

Baill den Bhord 2024



Peter Mullen
Cathaoirleach



Chris McGarry
Leas-Chathaoirleach



Stephen Bohan
Gnáthbhall



Patricia Calleary
Gnáthbhall



Eamonn James Kelly
Gnáthbhall



Joe Boland
Gnáthbhall



Liam Bergin
Gnáthbhall



Martina Hennessy
Gnáthbhall



Mary Cregg
Gnáthbhall



Una Crosse
Gnáthbhall



Mary Henchy
Gnáthbhall



Mick Long
Gnáthbhall



Stephen Brophy
Gnáthbhall



Stewart Logan
Gnáthbhall



Tom Rabbette
Gnáthbhall



Declan Moore
Gnáthbhall



Liam McGree
Gnáthbhall



Marie O'Connor
Gnáthbhall



Mary Gurrie
Gnáthbhall



MaryRose McGovern
Gnáthbhall



Paul Caprani
Gnáthbhall

*Féach ar an Ráiteas Rialachais agus ar Thuarascáil Bhaill an Bhoird más spéis leat an t-eolas is déanaí faoi ghluaiseachtaí an Bhoird.



Comhairligh Sheachtracha ceaptha faoi alt 124 d'Acht um Fhorbairt agus Pleanáil, 2000

Anthony Abbot King	Andrew Hersey	Eamon O'Boyle
Marja Aberson ERM	James Hickey	Donal O'Callaghan
Trevor Alcorn	Becky Hitchin ERM	Eoin O'Cofaigh
David Ball	Stefan Hyde	Denis O'Connell
An Dr Pamela Bartley	Des Johnson	Tom O'Donnell
Ann Bogan	Ailbhe Kavanagh	Eoin O'Herlihy
Anthony Cawley	Adam Kearney	Niall Olds ERM
Paul Christy	Mervyn Keegan	Aidan O'Neill
Kendrew Colhoun	David Kelly	Michael O'Shea
Patrick Collins	Leah Kenny	Liam Porter ERM
Raymond J Connelly	Jerome Keohane	John Power
Shauna Creane	Robert Keran	Ian Reach ERM
Aisling Cunnane (Dineen)	Antony Knights (Dr)	Fionnuala Rogerson
Derek Daly	Matthew Kyle-Henney ERM	Trevor Rue
Martin Davidson	Vanessa Langheld	Michael Slattery
Liam Dickson ERM	Cormac Loughran	Richard Taylor
Bryan Dunne	Patrick Lyne	Jamie Wallace
Luke Fegan	John A McCarthy	Barry Walls (Dr)
Karen Foley	Rosemarie McLoughlin	C. J. Walsh
Desmond Fortune	Rory McShane	Michael Walsh
Breda Gannon	Don Menzies	Oscar Ward ERM
Lara Gough	Michael Mohan	David Whelan
Kate Harrington	An Dr Evelyn Moorkens	Ian Doyle Woodleigh
Killian Harrington	Eugene Nixon	Brendan Wyse
Teri Hayes		

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Cloíonn Rialachas Corparáideach in An Bord Pleanála le ceanglais ábhartha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016). Tá An Bord Pleanála tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus nósanna imeachta rialachais ar bhonn leanúnach agus cúrsaí oiliúna athnuachana a dhéanamh agus treoir cothrom le dáta a fháil chun a chinntiú go bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh le dea-chleachtas sa réimse seo.

Tá athbhreithniú déanta ag An Bord Pleanála ar shocruithe agus ar nósanna imeachta rialachais chun a chinntiú go bhfuil ailíniú cuí á dhéanamh le forálacha ábhartha uile Chód 2016.

Tá Feidhm Eitice agus Comhlíonta Rialachais bunaithe agus tá Oifigeach Eitice agus Oifigeach Comhlíonta ceaptha agus i mbun oibre ag féachaint do chomhlíonadh athbhreithnithe agus monatóireachta leis an gcód agus le ceanglais rialachais eile.

Plean Straitéiseach

Cuireadh síneadh foirmiúil le Plean Straitéiseach 2018 – 2023. In 2024 leanadh ar aghaidh ag obair ar Phlean Straitéiseach nua i gcomhair 2025 – 2030, Plean atá le cur i gcrích ag an mBord Rialaithe nua i ndiaidh aistriú chuig An Coimisiún Pleanála mar atá mínithe i gCuid 17 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2024.

Bainistíocht Riosca

Is príomhthosaíochtaí iad bainistíocht riosca agus struchtúir agus nósanna imeachta rialachais ghaolmhara. Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca laistigh den eagraíocht, cinneadh a dhéanamh maidir le hinghlachacht riosca na heagraíochta, agus Clár Rioscaí Corparáideacha a choimeád i rith na bliana.

Íocaíochtaí Prasa

Tá An Bord Pleanála ag feidhmiú laistigh de raon Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) ón gComhphobal Eorpach, 2002.

Foilsíonn An Bord Pleanála a thuarascálacha ráithiúla maidir le hÍocaíochtaí Prasa ar a shuíomh gréasáin.

Dualgas Comhionannas agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí

Forchuireann Alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an méid seo a leanas nuair a bhíonn a gcuid feidhmeanna á gcomhlíonadh acu:

- Ildirdhealú a dhíothú.
- Comhdheiseanna agus cóir chomhionann a chur chun cinn do gach ball foirne agus do gach duine a gcuireann sé seirbhísí ar fáil dó nó di - tá ár nOifigeach Rochtana ar fáil chun rochtain ar ár seirbhísí á éascú do gach ball den phobal a mhéid atá réasúnach agus praiticiúil.
- Cearta an duine ball foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

Eitic in Oifigí Poiblí

Tá An Bord Pleanála ag feidhmiú laistigh de raon Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001, agus tá glactha aige le nósanna imeachta chun a chinntiú go mbeidh na hAchtanna á gcomhlíonadh. Más gá, comhlíon na baill Bhoird agus na baill foirne ráitis leasa i ndáil le forálacha na nAchtanna a chomhlíonadh.

Cloíonn Rialachas Corparáideach in An Bord Pleanála le ceanglais ábhartha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016

Cothromaíocht Inscne, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Ag an 31 Nollaig 2024, mná ba ea 59% de na baill foirne a bhí ag obair san eagraíocht agus fir ba ea 41%.

Ag an 31 Nollaig 2024, bhí 6 bhall bhaineanna (35%) agus 11 bhall fhireanna (65%) páirteach sa Bhord.

Tá An Bord Pleanála tiomanta do dhéileáil le héagorthromaíocht inscne trí bhearta ar féidir leis tairbhe a bhaint astu. Tá cur síos déanta ar bhearta a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le cothromaíocht inscne san fhoireann oibre i dTuarascáil maidir leis an mBearna Phá idir na hInscní 2024. Tá Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI) á hullmhú chun treochlár 5 bliana a chur ar fáil chun tacú le agus chun dlús a chur le nithe a bhaineann le CÉI. Tá Cuid 5 d'Acht um Mhíchumas, 2005, á chomhlíonadh ag An Bord Pleanála, agus a cheanglais faoi reachtaíocht comhionannais.

Tá an Bord ag leanúint ar aghaidh leis na céimeanna riachtanacha a chur i gcrích chun baic san áit oibre a bhfuil daoine atá faoi mhíchumas ag déileáil leo ag gach céim de shaoir an fhostaí, an próiseas earcaíochta san áireamh, a laghdú nó deireadh a chur leo.

Ag an 31 Nollaig 2024, mná ba ea 59% de na baill foirne a bhí ag obair san eagraíocht agus fir ba ea 41%.





4

Tuarascáil Rialachais & Ráitis Airgeadais

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird	35
Ráiteas faoin Rialú Inmheánach	42
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe	45
Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach	46
Ráiteas faoin Staid Airgeadais	47
Ráiteas faoi Shreafaí Airgid	48
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	49

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Bhoird

Rialachas

Bunaíodh An Bord Pleanála faoi Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976. Tá An Bord Pleanála freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc agus nithe áirithe eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 - 2024, agus cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais dhíreacha ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh lena n-áirítear mórchásanna tionscail, bóithre agus iarnróid. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as déileáil le tograí a bhaineann le fáil éigeantach talún ag údarais áitiúla agus ag comhlachtaí eile faoi achtacháin éagsúla. Ina theannta sin, tá feidhmeanna ag an mBord a bhaineann le hachomhairc a chinneadh faoi Achtanna um Thruaillí Uisce agus Achtanna um Rialú Foirgníochta.

Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus as dea-rialachas corparáideach a chinntiú. Tá an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach agus an fhoireann bainistíochta shinsearach freagrach as bainistíocht, rialú agus treo laethúil An Bord Pleanála.

Ní mór don Chathaoirleach, Príomhoifigeach agus foireann bainistíochta shinsearach cloí leis an treo straitéiseach ginearálta atá sonraithe ag an mBord agus ní mór a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach ball Boird ar phríomhghníomhaíochtaí agus ar phríomhchinntí a bhaineann leis an eagraíocht, agus aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a bheith ann. Feidhmíonn an Cathaoirleach mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus foireann bainistíochta An Bord Pleanála.

Tá an Bord cuntasach don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus as dea-rialachas corparáideach a chinntiú.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i bhforálacha reachtúla Achtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 – 2024 agus reachtaíocht ghaolmhar.

Ceaptar an Cathaoirleach agus na Gnáthbhaill Bhoird i gcáil lánaimseartha agus tá siad eisiata go sonrach ó bheith i mbun aon oifige nó fostaíochta eile a bhfuil luach saothair infíochta ina leith. Tá na leibhéil luacha saothair don Chathaoirleach agus do bhaill Bhoird eile á sonrú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Tá Baill Bhoird freagrach as cinntí ardleibhéil a dhéanamh maidir le hachomhairc agus iarratais phleanála ar bhonn tráthúil agus as maoirseacht a dhéanamh ar rialachas corparáideach san eagraíocht trí chéile. Le cois cruinnithe rialta chun breithniú a dhéanamh ar chásobair a phleanáil, buaileann na baill Bhoird le chéile ag cruinniú sceidealaithe naoi n-uair sa bhliain go ginearálta, nó nuair is gá, i ndáil le maoirseacht agus le rialachas An Bord Pleanála.

Pléitear míreanna seasta ag na Cruinnithe Boird Ginearálta seo lena n-áirítear:

- › Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- › Tuarascálacha Feidhmíochta,
- › Tuarascálacha agus anailís Bainistíochta Riosca,
- › Ceadú agus athbhreithniú ar bheartais corparáideacha,
- › Ceadú agus monatóireacht ar an mbuiséad bliantúil,
- › Ceadú agus monatóireacht ar phlean soláthair bhliantúil chun gealltanais agus gníomhaíochtaí ó Phlean Straitéiseach 5 bliana an Bhoird a chomhlíonadh,
- › Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchta agus Riosca agus Iniúchadh Inmheánach,
- › Tuarascálacha bainistíochta maidir le Gnóthaí Dí, agus
- › Aon ní eile atá forchoimeáda don Bhord chun cinneadh a dhéanamh.

Ceanglaíonn Alt 150 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, ar An Bord Pleanála glacadh le Cód Iompair chun déileáil le coinbhleachtaí leasa agus chun tacú le muinín

an phobail as sláine iompair a ghnó. Tá an Cód Iompair ar ghlac an Bord leis ar fáil ar a shuíomh gréasáin. Chomh maith leis sin, tá forálacha an Chóid Iompair ailínithe le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Is é beartas An Bord Pleanála an luach is fearr ar airgead a sholáthar nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach don eagraíocht. Spreagtar An Bord Pleanála chun úsáid a bhaint as conarthaí lárnacha atá bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais do raon earraí agus seirbhísí a bhíonn in úsáid go coitianta. Sa chás nach bhfuil aon chonradh lárnach ar fáil, feidhmíonn An Bord Pleanála de réir Rialacha agus Treoirínte Soláthair an AE agus de réir a bheartais agus prótacal soláthair inmheánach féin. Chomh maith leis sin, tá ceanglais oiriúnacha Chód Caiteachais na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, á gcomhlíonadh ag An Bord Pleanála i ndáil lena chaiteachas.

Ceanglaíonn Alt 117(1) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, ar Bhord An Bord Pleanála, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé a choinneáil i gcibé foirm a bheidh ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

Nuair a bhíonn a ráitis airgeadais á n-ullmhú, ceanglaítear ar An Bord Pleanála an méid seo a leanas a dhéanamh:

- › beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,

- › breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- › na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an gnó ar aghaidh ag feidhmiú, agus
- › a shonrú cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú i ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta oiriúnacha a choimeád ina nochtar, go réasúnta cruinn aon tráth, a staid airgeadais a chuireann ar a chumas a chinntiú go bhfuil alt 117(1) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, á chomhlíonadh. Is é an Bord atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise ar shuíomh gréasáin An Bord Pleanála maidir le haon ní corparáideach nó airgeadais.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad soláthair bhliantúil a cheadú. Rinne an Bord meastóireacht ar fheidhmíocht An Bord Pleanála trí thagairt don phlean agus buiséad soláthair bhliantúil i gcomhair 2024 ag an gCruinniú Boird Ginearálta ar an 31 Márta 2025.

Ina theannta sin, tá an Bord freagrach as a shócmhainní a chosaint agus, dá réir sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá an Board den tuairim go dtugtar léargas fíorcheart ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais An Bord Pleanála ag an 31 Nollaig 2024 i ráitis airgeadais An Bord Pleanála.

Is é beartas An Bord Pleanála an luach is fearr ar airgead a sholáthar nuair a bhíonn earraí agus seirbhísí á gceannach don eagraíocht.

Struchtúr an Bhoird

In 2024, d'fhoráil an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, go mbeadh Cathaoirleach páirteach sa Bhord agus aon líon gnáthbhall, suas go dtí uasmhéid 14, ag féachaint do líon agus nádúr na n-iarratas, achomharc, atreoruithe nó nithe eile a bhfuil baint ag an mBord leo. Go ginearálta, maireann téarma oifige an Chathaoirleach tréimhse seacht mbliana agus is féidir an Cathaoirleach a athcheapadh don dara téarma oifige nó do théarma oifige ina dhiaidh sin, ar choinníoll nach bhfuil sé nó sí ag feidhmiú mar Chathaoirleach tráth an athcheapacháin. Foráiltear san Acht leasaithe mura bhfuil aon Chathaoirleach ceaptha faoi alt 105, gur féidir duine atá, i

dtuairim an Rialtais, cuícháilithe, a cheapadh mar Chathaoirleach do thréimhse nach faide ná 12 mhí. Maireann téarma oifige na nGnáthbhall Boird (lena n-áirítear an Leas-Chathaoirleach) cúig bliana, agus féadfar na baill seo a athcheapadh don dara téarma nó do théarma ina dhiaidh sin, ar choinníoll gur ball atá ag dul as oifig an duine ábhartha nuair a dhéantar an t-athcheapachán. Is ar bhonn lánaimseartha a cheaptar baill an Bhoird.

Tugadh roinnt athruithe ar bhallraíocht an Bhoird faoi deara in 2024, mar atá leagtha amach sa tábla thíos ina bhfuil sonraí le fáil maidir leis an tréimhse cheapacháin/na tréimhsí ceapacháin do bhaill:

Ball Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Peter Mullan	Ball Boird Eatramhach Ceaptha mar Chathaoirleach Eatramhach Ceaptha mar Chathaoirleach	9 Eanáir 2023 2 Meán Fómhair 2023 23 Eanáir 2024
Stephen Bohan	Gnáthbhall Síneadh go dtí an 10 Meitheamh 2023 Athcheaptha	11 Meitheamh 2018 1 Eanáir 2020 11 Meitheamh 2023
Chris McGarry	Gnáthbhall Ceaptha mar Leas-Chathaoirleach Athcheaptha mar Leas-Chathaoirleach	1 Feabhra 2019 12 Eanáir 2023 1 Feabhra 2024
Patricia Calleary	Gnáthbhall	22 Márta 2022
Mick Long	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Athcheaptha mar Bhall Boird Eatramhach Gnáthbhall	3 Eanáir 2023 3 Eanáir 2024 3 Iúil 2024 12 Meán Fómhair 2024
Stephen Brophy	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Téarma imithe in éag	9 Eanáir 2023 9 Eanáir 2024 30 Meitheamh 2024
Una Crosse	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Téarma imithe in éag	27 Feabhra 2023 27 Feabhra 2024 27 Meitheamh 2024
Tom Rabbette	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Athcheaptha i gcomhair 3 mhí Gnáthbhall	1 Márta 2023 1 Márta 2024 1 Meán Fómhair 2024 15 Meán Fómhair 2024
Mary Henchy	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Gnáthbhall	17 Aibreán 2023 17 Aibreán 2024 2 Meán Fómhair 2024
Eamonn J. Kelly	Gnáthbhall	24 Aibreán 2023

Ball Boird	Ról	Dáta an Cheapacháin
Joe Boland	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Athcheaptha go dtí an 31 Nollaig 2024	24 Aibreán 2023 24 Aibreán 2024 24 Deireadh Fómhair 2024
Mary Cregg	Ball Boird Eatramhach Téarma imithe in éag	24 Aibreán 2023 23 Aibreán 2024
Martina Hennessy	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha i gcomhair 6 mhí Athcheaptha go dtí an 31 Nollaig 2024	24 Aibreán 2023 24 Aibreán 2024 24 Deireadh Fómhair 2024
Liam Bergin	Ball Boird Eatramhach Athcheaptha go dtí an 31 Nollaig 2024	1 Lúnasa 2023 1 Lúnasa 2024
Stewart Logan	Ball Boird Eatramhach Téarma imithe in éag	26 Meán Fómhair 2023 25 Meán Fómhair 2024
Declan Moore	Gnáthbhall	2 Meán Fómhair 2024
Liam McGree	Gnáthbhall	2 Meán Fómhair 2024
Mary Gurrie	Gnáthbhall	2 Meán Fómhair 2024
Paul Caprani	Gnáthbhall	2 Meán Fómhair 2024
Marie O'Connor	Gnáthbhall	16 Meán Fómhair 2024
Mary Rose McGovern	Gnáthbhall	24 Deireadh Fómhair 2024

Rinne an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin ar an 31 Márta 2025.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchta agus Riosca a bhfuil duine/beirt bhall Boird agus triúr daoine seachtracha páirteach ann, duine amháin atá ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) tacú leis an mBord lena fhreagrachtaí a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus dearbhú gaolmhar. Tá an CIR ag feidhmiú neamhspleách ar fheidhm bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go bhfuil monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách á déanamh ar na córais rialaithe inmheánacha, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Scaiptear miontuairiscí chruinnithe CIR ar an mBord agus cuireann Cathaoirleach CIR tuarascáil bhliantúil faoi bhráid an Bhoird maidir le gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích i rith na bliana.

Seo a leanas baill an Choiste Iniúchta agus Riosca in 2024: Penelope Kenny (Cathaoirleach Seachtrach ceaptha ar an 13 Feabhra 2024),

Mícheál Ó'Cinnéide (ball seachtrach), Declan Hoban (ball seachtrach ceaptha ar an 23 Feabhra 2024) agus baill Bhoird, Eamonn J. Kelly (ceaptha ar an 5 Meitheamh 2024) agus Stephen Brophy (d'éirigh as a chúraimí ar an 5 Meitheamh 2024).

Reáchtáladh sé chruinniú CIR in 2024. Tá eolas maidir le táillí agus costais íoctha le Baill CIR sheachtracha le fáil i Nóta 17 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Rinne an Bord meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin ar an 31 Márta 2025

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ag cruinnithe Ginearálta Boird agus an Choiste Iniúchta agus Riosca in 2024 leagtha amach thíos:

	Cruinnithe Boird Ginearálta		An Coiste Iniúchta agus Riosca	
	Líon na gcrúinnithe a reáchtáladh i rith tionachta gach ball Boird in 2024	Líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu	Líon na gcrúinnithe a reáchtáladh i rith tionachta gach ball Boird in 2024	Líon na gcrúinnithe ar freastalaíodh orthu
Peter Mullan	11	11		
Stephen Bohan	11	7		
Chris McGarry	11	9		
Patricia Calleary	11	10		
Mick Long	11	10		
Stephen Brophy ^{1,2}	6	6	2	2
Una Crosse ²	6	6		
Tom Rabbette	11	9		
Mary Henchy	11	10		
Eamonn J. Kelly ¹	11	11	5	5
Joe Boland ²	11	10		
Mary Cregg ²	3	3		
Martina Hennessy ²	11	9		
Liam Bergin ²	11	9		
Stewart Logan ²	8	7		
Declan Moore ³	4	4		
Liam McGree ³	4	4		
Mary Gurrie ³	4	4		
Paul Caprani ³	4	3		
Marie O'Connor ³	3	3		
Mary Rose McGovern ³	2	2		

¹ Ball Boird a bhí páirteach sa Choiste Iniúchta agus Riosca i rith 2024.

² Tháinig deireadh leis tréimhse oifige in 2024.

³ Ceaptha in 2024.

Ní íoctar an táille leis na Baill Bhoird agus tá eolas maidir le costais íoctha le fáil i Nóta 6(d) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Príomhathruithe Pearsanra

Ainmníodh an Cathaoirleach Eatramhach (Peter Mullan) mar Chathaoirleach i mí Eanáir 2024.

Achoimre ar ghluaiseachtaí ag leibhéal Boird (Cathaoirleach/Cathaoirligh agus Baill Bhoird) in 2024:

Bhí 15 dhuine ceaptha ar an 1 Eanáir 2024 - Cathaoirleach (1) Baill Bhoird (4) agus Baill Bhoird

Eatramhacha (10). Tháinig deireadh le téarma seachtar de na Baill Bhoird Eatramhacha reatha in An Bord Pleanála i rith 2024, tháinig deireadh le téarma triúr ar an 31 Nollaig 2024.

Ceapadh triúr de na Baill Bhoird Eatramhacha mar Bhaill Bhoird.

Ceapadh sé Bhall Bhoird nua in An Bord Pleanála in 2024.

Chiallaigh sé sin go raibh 14 dhuine (Cathaoirleach agus 13 Bhall Boird) ceaptha ar an 31 Nollaig 2024.

Nochtuithe arna gCeangal ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon An Bord Pleanála ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtuithe seo a leanas a dhéanamh de réir an Chóid:

Miondealú ar shochair fostaithe (lena n-áirítear Baill Bhoird)

Tá an miondealú ar shochair fostaithe le fáil i Nóta 6(f) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

Costais Chomhairliúcháin

San áireamh i gcostais chomhairliúcháin tá an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don fhoireann bainistíochta agus níl feidhmeanna seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’ san áireamh.

	2024 €	2023 €
Costais dlí (ábhartha d’athbhreithniú neamhbhreithiúnach)	283,061	312,437
Comhairle achtúireach	5,351	5,474
Comhairleoireacht TFC	23,842	21,273
Forbairt Córas Comhairleoireachta TFC	1,008,109	779,493
Acmhainní Daonna	44,688	28,624
Feabhsú Gnó	38,770	26,985
Eile	119,753	108,927
Costais Chomhairliúcháin Iomlána	1,523,574	1,283,213
Costais chomhairliúcháin caipitlithe	0	0
Costais chomhairliúcháin sonraithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe		
Cúlchistí	1,523,574	1,283,213
Iomlán	1,523,574	1,283,213

Costais Dlí

Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar mhiondealú méideanna aitheanta mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí. San áireamh sna costais seo tá costais dlí an Bhoird, baineann siad seo go príomha le hionadaithe aturnae agus abhcóide i gcásanna athbhreithnithe bhreithiúnaigh os comhair na n-uaschúirteanna agus Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus freisin

íoc dliteanas costas do chostais “an taobh eile” sna cásanna seo, sa chás go n-eascraíonn a leithéid de dhliteanas as toradh phróiseas na Cúirte. Ní áirítear ansin caiteachas tabhaithe i ndáil le comhairle dlí ghinearálta faighte ag An Bord Pleanála atá arna nochtadh i gcostais Chomhairliúcháin thuas.

	2024 €	2023 €
Táillí dlí An Bord Pleanála – imeachtaí dlí	6,332,643	4,485,133
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Costais dlí a bhaineann leis an taobh eile - imeachtaí dlí	6,273,316	6,317,497
Iomlán	12,605,959	10,802,630

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Tá caiteachas ar thaisteal agus cothú catagóirithe mar seo a leanas:

	2024 €	2023 €
Baile		
- Bord ¹	700	1,221
- Fostaithe	158,783	140,030
- Comhairligh Phleanála	61,586	33,443
Idirnáisiúnta²		
- Bord	282	114
- Fostaithe	1,743	3,480
Iomlán	223,094	178,288

¹ Tá taisteal agus cothú luach €700 a íocadh go díreach le Baill Bhoird san áireamh.

² Rinneadh íocaíocht luach €28 le DECC in 2024 i ndáil le heitiltí coigríche a rinneadh i ndáil le gnó oifigiúil in 2023.

Caiteachas Fáilteachais

Tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

	2024 €	2023 €
Fáilteachas foirne	6,331	7,359
Fáilteachas cliant	190	309
Iomlán	6,521	7,668

Ráiteas Comhlíonta

Tá glactha ag an mBord le Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016.

Tá An Bord Pleanála sásta go bhfuil gach ceanglas infheidhme den Chód á chomhlíonadh aige.

Thar ceann Bhord An Bord Pleanála:



An tUasal Peter Mullan
Cathaoirleach Atá ag Dul As Oifig, An Bord
Pleanála
POF, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

1. Raon Freagrachta

Thar ceann An Bord Pleanála, admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach faoin rialú inmheánach á choimeád agus á fheidhmiú. Cuimsítear sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

2. Cuspóir an Chórais faoin Rialú Inmheánach

Tá an córas faoin rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal measartha seachas deireadh a chur leis ar fad. Dá réir sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an córas faoin rialú inmheánach, atá ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe, i bhfeidhm in An Bord Pleanála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

3. An Coiste Iniúchta agus Riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (CIR) bunaithe ag An Bord Pleanála ar a bhfuil ball Boird amháin/dhá bhall Boird agus triúr ball seachtracha ag a bhfuil taithí airgeadais agus iniúchta, agus tá duine acu sin ag feidhmiú mar Chathaoirleach. Bhuaill bail CIR le chéile sé huaire in 2024.

4. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag An Bord Pleanála freisin trí chomhairligh sheachtracha a cheapadh a chuireann clár oibre atá comhaontaithe le CIR i gcrích.

5. Creat Riosca agus Rialaithe

Tá creat bainistíochta riosca forbartha agus curtha chun feidhme ag An Bord Pleanála ina n-áirítear a inghlacthacht riosca agus próiseas bainistíochta riosca a bhfuil gach pearsanra bainistíochta riosca páirteach ann. Sainordaíonn an creat seo an pearsanra ar fad chun rioscaí reatha agus nua agus córais rialaithe agus maoluithe laistigh dá réimsí oibre féin a shainaithint, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a bhainistiú. Tá an creat leagtha amach i mbeartas riosca na heagraíochta.

Tá clár rioscaí bunaithe ina sainaitheantóir na príomhrioscaí nach mór do An Bord Pleanála déileáil leo agus déantar iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntais.

Déanann an Bord an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil agus i lár na bliana.

Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear riosca ag leibhéal inghlactha.

Tá sonraí le fáil sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus faoi na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht as feidhmiú rialuithe chuig bail foirne shonracha. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil bunaithe:

- › tá nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe,
- › tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach,
- › tá córas buiséadaithe oiriúnach bunaithe le buiséad bliantúil a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach air,
- › tá córais bunaithe a bhfuil sé mar aidhm leo slándáil faisnéise agus córais teicneolaíochta cumarsáide a chinntiú;
- › tá córais bunaithe chun sócmhainní a chosaint.

6. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leantach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus tá eolas maidir le heasnamh rialaithe á roinnt leo siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus leis an bhfoireann bainistíochta agus leis an mBord, más cuí, go tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leantacha seo a leanas bunaithe:

- › tá príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara sainaitheanta agus tá próisis bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnamh sainaitheanta a thuairisciú,
- › tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus

- déanann an fhoireann bainistíochta shinsearach athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, a thugann léargas ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.

7. Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag An Bord Pleanála chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh agus i rith 2024 gur chomhlíon An Bord Pleanála na nósanna imeachta sin ar bhonn substainteach.

Bhí dhá sheirbhís ann in 2024 nuair nach raibh na ceanglais soláthair á gcomhlíonadh go hiomlán, a bhain le costais sa bhreis ar €50K - saoráidí cartlainne agus bogearraí cuntasaíochta oidhreachta.

I rith 2024 cuireadh tús le próiseas tairisceana do sheirbhísí cartlainne faoin gcreat OSR, agus cuireadh an tsaincheist seo ina ceart nuair a bronnadh agus nuair a síníodh conradh i mí na Nollag 2024.

In 2024 bhí an caiteachas iomlán a bhain le seirbhísí cartlainne cothrom le €201,168.

Tá sé beartaithe tús a chur le próisis tairisceana do bhogearraí cuntasaíochta in 2025.

In 2024 bhí an caiteachas iomlán a bhain le bogearraí cuntasaíochta oidhreachta cothrom le €67,454.

8. Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag An Bord Pleanála chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann An Bord Pleanála ar éifeachtacht an chórais faoin rialú inmheánach bunaithe ar obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha agus an Choiste Iniúchta agus Riosca agus tuarascálacha fhoireann bainistíochta shinsearach laistigh de An Bord Pleanála atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata faoin rialú inmheánach.

Mar thoradh ar Iniúchadh Inmheánach ar chórais 2024 ar rialuithe Inmheánacha a rinneadh i rith 2025 mar chuid de Phlean Iniúchta ceadaithe an Choiste Iniúchta, thángthas ar thuairim de dhearbhu sásúil maidir le hiniúchadh inmheánach

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht an chórais faoi rialuithe inmheánacha i gcomhair 2024 ar an 31 Márta 2025.

9. Saincheisteanna faoin Rialú Inmheánach

Ábhair Imní

I rith 2022 bhí ábhair imní a bhain le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ag baint le roinnt cásanna pleanála a ndearna an Bord cinneadh maidir leo agus éifeachtacht chórais agus nósanna imeachta an Bhoird mar bhonn le roinnt tuarascálacha agus athbhreithnithe a chur i gcrích a bhain le An Bord Pleanála. Is éard a bhí san athbhreithniú deiridh Imscrúdú arna dhéanamh ag Lorna Lynch SC, agus fuarthas an tuarascáil a chur sí i dtoll a chéile i mí Iúil 2024.

Imscrúdú Lorna Lynch SC

I mí Eanáir 2023, thionscain Cathaoirleach eatramhach An Bord Pleanála, Oonagh Buckley, imscrúdú scóipe a chuir Lorna Lynch SC i gcrích a bhí dírithe ar ábhair imní a bhain le roinnt cáschomhad stairiúil ar dhéileáil an Bord leo i rith tréimhse a mhair thart ar 3 bliana roimh mhí na Bealtaine 2022. Fuair mé cóip den Tuarascáil Imscrúdaithe ar an 26 Iúil 2024.

Fuair mé comhairle dlí agus moladh dom gan Tuarascáil Imscrúdaithe Neamhspleách iomlán Lorna Lynch SC a fhoilsiú, ach chinn mé, ar mhaithe le leas an phobail, achoimre ar na príomhthorthaí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin An Bord Pleanála i mí Eanáir 2025.

Cinneadh sa Tuarascáil go raibh forais ann chun ní amháin a chur faoi bhráid an Aire mar mhí-iompar sonraithe i ndáil le duine ar iarbhall Boird é nó í anois. De bhrí nach raibh an t-iarbhall Boird ag feidhmiú mar bhall Boird níos mó, ní raibh gá lena leithéid sin d'atreorú. Chomh maith leis sin, cinneadh sa Tuarascáil nach raibh forais leordhóthanacha ann chun nósanna imeachta araíonachta a thionscnamh i ndáil le haon fhostaí reatha nó iarfhostaí de chuid an Bhoird nó nach raibh forais leordhóthanacha ann chun atreorú chuig an Aire i ndáil le haon bhall den Bhoird i láthair na huaire.

Moltaí Oifig an Rialaitheora Pleanála a Chur Chun Feidhme in 2022

Reáchtáil Oifig an Rialaitheora Pleanála athbhreithniú in 2022 ar chórais agus ar nósanna imeachta áirithe a bhí in úsáid ag An Bord Pleanála. Bhain na moltaí le rialuithe inmheánacha

agus le nithe ábhartha eile a clúdaíodh i dtuarascálacha comhlánaithe, rinneadh measúnú iomlán agus déileáladh leo ar bhealach oiriúnach in 2023 agus 2024.

Rialuithe Inmheánacha Leanúnacha

Glactar leis gur gá béim leanúnach a leagan ar na hiarrachtaí a chinntiú go bhfuil gach córas de rialú inmheánach láidir agus oiriúnach dá chuspóir agus nach mór do gach pearsanra san eagraíocht a chinntiú go bhfuiltear ag cloí go dian agus go comhsheasmhach le gach prótacal dearbhaithe reachtúil agus leis an gcód iompair agus le gach córas agus prótacal rialaithe gaolmhar.

Tá An Bord Pleanála, i gcónaí, tiomanta do chinntiú go bhfuil gach oibleagáid reachtúil ábhartha agus gach gealltanas laistigh dá Chód Iompair á gcomhlíonadh go hiomlán agus go bhfuil an córas faoi rialuithe inmheánacha atá bunaithe laistigh den eagraíocht láidir, cuimsitheach agus trédhearcach.



An tUasal Peter Mullan
Cathaoirleacht Atá ag Dul As Oifig,
An Bord Pleanála
POF, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


	Nóta	2024 €	2023 €
Ioncam			
Deontais Oireachtais	2	36,648,388	30,144,159
Ioncam Táillí	3(a)	1,483,473	1,505,167
Táillí d'Fhorbairt Tithíochta Straitéisí	3(b)	17,550	(119,510)
Táillí d'Fhorbairt Mhórscála Chónaithe	3(c)	78,750	70,560
Táillí Bonneagair Straitéisigh agus Aisghabháil Costais	4	3,814,210	4,025,928
Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha	7(c)	4,200,000	3,912,808
Ioncam Ilghnéitheach	5	9,157	4,472
Ús ar Thaisc	5	7,140	1,688
Brabús/(caillteanas) ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	5	0	100
Ioncam Iomlán		46,258,668	39,545,372
Caiteachas			
Tuarastail, Liúntais agus Aoisliúntas	6	27,797,903	22,718,377
Costais Bhunaithe	8	3,139,151	2,579,885
Costais Oibriúcháin	9	18,207,567	14,961,318
Caiteachas Iomlán		49,144,621	40,259,580
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Leithreasuithe		(2,885,953)	(714,208)
Aistriú ó/(chuig) Cuntas Caipitil	11	(74,508)	54,857
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain i ndiaidh Leithreasuithe		(2,960,461)	(659,351)
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag an 1 Eanáir		(7,814,412)	(7,155,061)
Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag an 31 Nollaig		(10,774,873)	(7,814,412)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí idir 1 agus 21.
Thar ceann Bhord An Bord Pleanála:



An tUasal Peter Mullan
Cathaoirleach Atá ag Dul As Oifig,
An Bord Pleanála
POF, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025



Bríd Hill, Uasal
Príomhoifigeach, An Bord Pleanála
Príomhoifigeach, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025

Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024


	Nóta	2024 €	2023 €
Barrachas/(Easnamh) i ndiaidh Leithreasuithe		(2,960,461)	(659,351)
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir	7(d)	(13,550,000)	(6,356,000)
Athruithe ar thiomhdí atá mar bhonn le luach láithreach na n-oibleagáidí sochair scoir		13,692,000	(8,607,000)
Caillteanas achtúireach iomlán sa bhliain		142,000	(14,963,000)
Coigeartú chuig maoiniú sochar scoir iarchurtha	7(b)	(142,000)	14,963,000
Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain		(2,960,461)	(659,351)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí idir 1 agus 21.
Thar ceann Bhord An Bord Pleanála:



An tUasal Peter Mullan
Cathaoirleach Atá ag Dul As Oifig,
An Bord Pleanála
POF, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025



Bríd Hill, Uasal
Príomhoifigeach, An Bord Pleanála
Príomhoifigeach, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025

Ráiteas faoin Staid Airgeadais

Ag an 31 Nollaig 2024


	Nóta	2024 €	2023 €
Sócmhainní Neamhreatha			
Réadmhaoin, gléasra & trealamh	12	310,207	210,207
Sócmhainní Doláimhsithe - Tionscadal Plean-IT	12	19,489	44,981
Sócmhainní Neamhreatha Iomlána		329,696	255,188
Sócmhainní Reatha			
Míreanna Infhála	13	802,916	803,855
Airgead tirim agus coibhéisí airgid		9,300,816	9,301,656
		10,103,732	10,105,511
Dlíteanais Reatha (méideanna dlite laistigh d’aon bhliain amháin)			
Míreanna Iníoctha	14	(20,878,605)	(17,919,923)
Glansócmhainní/(Dlíteanais) Reatha		(10,774,873)	(7,814,412)
Sochair Scoir			
Oibleagáidí sochair scoir	7(b)	(146,560,000)	(142,502,000)
Sócmhainn mhaoinithe sochar scoir iarchurtha		146,560,000	142,502,000
Glansócmhainní/(Dlíteanais) Iomlána		(10,445,177)	(7,559,224)
Ag déanamh ionadaíocht ar			
Cuntas caipitil	11	329,696	255,188
Cúlchistí ioncaim coinnithe		(10,774,873)	(7,814,412)
		(10,445,177)	(7,559,224)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus nótaí idir 1 agus 21.
Thar ceann Bhord An Bord Pleanála:



An tUasal Peter Mullan
Cathaoirleach Atá ag Dul As Oifig,
An Bord Pleanála
POF, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025



Bríd Hill, Uasal
Príomhoifigeach, An Bord Pleanála
Príomhoifigeach, An Coimisiún Pleanála

Dáta: 26 Meitheamh 2025

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

	Nóta	2024 €	2023 €
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas loncaim thar caiteachas		(2,960,461)	(659,351)
Gluaiseacht sa Chuntas Caipitil	12	74,508	(54,857)
Dímheas agus bearnú sócmhainní seasta	12	213,662	298,389
(Méadú)/Laghdú ar mhíreanna infhála	13	939	(117,858)
Méadú ar mhíreanna infháltha	14	2,958,682	1,152,992
Ús bainc faighte	5	7140	1,688
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		294,470	621,003
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun réadmhaoín, gléasra & trealamh a fháil	12	(288,170)	(243,532)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(288,170)	(243,532)
Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Ús bainc faighte	5	(7,140)	(1,688)
Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		(7,140)	(1,688)
Glanmhéadú (Laghdú) ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		(840)	375,783
Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir		9,301,656	8,925,873
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid ag an 31 Nollaig		9,300,816	9,301,656

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha a bhfuil glactha ag An Bord Pleanála leo leagtha amach thíos. Tá siad ar fad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh An Bord Pleanála sa bhliain 1977 faoi Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976, agus tá oifig aige ag 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath 1.

Tá An Bord Pleanála freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le hachomhairc agus nithe áirithe eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 - 2024, cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais dhíreacha ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus cinneadh a dhéanamh maidir le hiarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh lena n-áirítear mórchásanna tionscail, bóithre agus iarnróid. Chomh maith leis sin, tá sé freagrach as déileáil le tograí a bhaineann le fáil éigeantach talún ag údaráis áitiúla agus ag comhlachtaí eile faoi achtacháin éagsúla. Ina theannta sin, tá feidhmeanna ag an mBord a bhaineann le hachomhairc a chinneadh faoi Achtanna um Thruailliú Uisce agus Achtanna um Rialú Foirgníochta.

b) Ráiteas Comhlíonta

Tá ráitis airgeadais An Bord Pleanála don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 ullmhaithe ar shlí a chiallaíonn go bhfuil an reachtaíocht infheidhme á comhlíonadh, agus FRS 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais sa RA.

c) An Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe atá á dtomhas ag cóirluachanna mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais curtha ar fáil san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi alt 117(1) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach chun déileáil le míreanna a mheastar atá ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais An Bord Pleanála.

d) Deontas Oireachtais

Déantar cuntas ar dheontais Oireachtais ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (Vóta 34, Fo-cheannteideal D3) ar bhonn fáltais airgid, arna choigeartú ag ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaí. Tá cuntas déanta ar dheontais go sonrach d'Fhorbairt Córais Straitéis TFC mar dheontais caite (Nóta 2).

e) Ioncam úise

Aithnítear ioncam úis ar bhonn fáltais airgid.

f) Táillí

Is ionann iad seo agus táillí íochta leis an mBord i ndáil le hachomhairc, iarratais agus nithe eile a chuirtear faoi bhráid an Bhoird chun cinneadh a dhéanamh faoi achtacháin éagsúla. Tá na táillí iarbhair iníochta á socrú ag rialachán Aireachta nó arna gcinneadh ag an mBord agus arna gceadú ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht de réir na bhforálacha reachtúla seo a leanas:

- Alt 144 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.
- Alt 177M d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.
- Alt 7 agus Alt 7A d'Acht um Rialú Foirgníochta, arna leasú.
- Alt 6 agus Alt 19 d'Acht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce), 1977, arna leasú agus alt 103 d'Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007.
- Forbairt Tithíochta Straitéisí (FTS) Cuireadh deireadh le hAcht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 agus Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt (Forbairt Tithíochta Straitéisí), 2017 - in 2021. Taifeadtar dliteanas aisíocaíochta, go ginearálta íocaíocht táille 50% le hÚdaráis Áitiúla i ndiaidh cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcás, mar íochta nó mar fhigiúr sealadach sa chás go bhfuiltear fós ag feitheamh ar chinneadh. Lena chois sin, le hiarratais faoi Alt 146B d'Acht 2000, d'fhéadfadh dliteanas aisíocaíochta costais a bheith luaite le hiarratasóirí má sháraíonn an táille a íocadh na costais atá riachtanach chun cinneadh a dhéanamh faoin gcás.
- Forbairt Mhórsála Chónaithe (FMC) An tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairtí Cónaithe Mórsála), 2021.

Taispeántar ioncam táillí gan aisíocaíochtaí a chur san áireamh, aisíocaíochtaí a dhéantar i ndáil le hachomhairc neamhbhailí, atreoruithe agus cásanna eile agus gan aon phionós cinnidh déanach a íocadh a chur san áireamh (Nóta 3(a), Nóta 3(b) agus Nóta 3(c)).

g) Forbairtí Bonneagair Straitéisigh

Déanann an Bord cinneadh maidir le táillí a bhaineann le hiarratais ar Fhorbairt Bonneagair Straitéisigh agus ceadaíonn an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, a leithéid de réir alt 144 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

Gearrann an Bord táille thosaigh idir €30,000 agus €100,000 i ndáil le hiarratais Bhonneagair Straitéisigh. Déantar cuntas ar na táillí ar bhonn fáltais airgid. Déanann an Bord measúnú ar an gcostas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chásanna aonair agus d'fhéadfadh sé iarracht a dhéanamh costais bhreise a aisghabháil nó cuid den táille a aisíoc de réir mar is cuí. Déantar cuntas ar aisghabháil costas breise agus aisíoc táillí nuair a bhíonn siad dlite (Nóta 4).

h) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Sonraítear réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímhéas carntha, coigeartaithe d'aon fhoráil do bhearnúchán. Foráiltear dímhéas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag rátaí measta chun an costas a dhíscríobh lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, mar seo a leanas:

- i. Foirgnimh léasachta - 10% sa bhliain.
- ii. Oibreacha Athchóirithe ar Fhoirgnimh atá ann cheana - 10% sa bhliain.
- iii. Daingneáin agus Feistis - 20% sa bhliain.
- iv. Ríomhairí agus Trealamh Teicniúil - idir 20% agus 33.33% sa bhliain.

Is ionann luach iarmharach agus an méid measta a d'fhéadfaí a fháil faoi láthair mar thoradh ar dhiúscairt sócmhainne, i ndiaidh costas measta diúscairthe a asbhaint, má bhí an tsócmhainn ag an aois agus sa bhail a mbeifí ag súil léi ag deireadh a saolré ionchais.

Má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnúchán luach sócmhainne, aithnítear caillteanas bearnúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

i) Sócmhainní Doláimhsithe

Is é beartas An Bord Pleanála cuntas a dhéanamh ar shócmhainní doláimhsithe faoi alt 18 de FRS102. Cuirtear tús le hamúchadh na sócmhainní nuair a bhíonn an tsócmhainn forbartha agus in úsáid:

Plean-IT/Tionscadal Forbartha Córas 20% sa bhliain de réir méid cothrom.

j) Cuntas Caipitil

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an méid ioncaim amúchta a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

k) Sochair Fostaí

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha cosúil le pá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuirtear sochair atá fabhráithe ag deireadh na bliana san áireamh i bhfigiúr na míreanna Iníoctha sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

l) Sochair Scoir

(a) Tá scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe á soláthar ag an mBord trí cheithre scéim neamhspleácha dhifriúla eadhon:

- Scéim Aoisliúntais Foirne An Bord Pleanála, 1986 - 2006,
- Scéim Pinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí, 1986, An Bord Pleanála,
- Scéim Aoisliúntais (Cathaoirleach agus Baill), 1986 - 2009, An Bord Pleanála, agus
- Scéim Pinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí (Cathaoirleach agus Baill), 1986 - 2002, An Bord Pleanála.

Foráiltear d'íocaíocht na sochar aoisliúntais le haghaidh agus i ndáil le fostaithe agus baill den Bhord sna scéimeanna aoisliúntais le sochar sainithe seo atá ceadaíte ag an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe faoi alt 119 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000.

Tá na scéimeanna á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear ón airgead atá ar fáil ó chistí státchiste curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht, agus ó ranníocaíochtaí asbhainte ó thuarastail foirne agus ball.

Tá fianaise ar shochair aoisliúntais le fáil sna costais aoisliúntais tuillte ag baill agus ag fostaithe i rith na tréimhse agus taispeántar iad gan ranníocaíochtaí aoisliúntais foirne a chur san áireamh, a choimeádann an Bord. Aithnítear méid a chomhfhreagraíonn leis an táille aoisliúntais mar ioncam a mhéid is atá sé in-aisghabhála, agus tá sé fritháirithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochtaí aoisliúntais a íoc.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ar dhliteanais scéime sa Ráiteas faoin Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid in-aisghabhála ó chistí státchiste arna gcur ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

Is ionann dliteanais aoisliúntais agus luach reatha na n-íocaíochtaí aoisliúntais todhchaíoch tuillte ag baill foirne go dtí seo. Is ionann maoiniú aoisliúntais iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo ó chistí státchiste curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht.

(b) Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim aoisliúntais le sochar sainithe atá ann freisin do gach seirbhíseach poiblí inphinsin ceaptha ar nó i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Leagtar síos rialacha na Scéime Aonair in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe.

m) Costais Dlí

Is é beartas An Bord Pleanála a chostais dlí féin a íoc a bhaineann le hiarratais ar athbhreithniú breithiúnach i ndáil le cinntí an Bhoird i ndiaidh a leithéid sin de chásanna a thabhairt chun críche sna hUaschúirteanna ábhartha.

Is beartas de chuid An Bord Pleanála é freisin aon chostas dlí a bhronntar ina choinne a íoc i ndiaidh cásanna a thabhairt chun críche de réir thoradh plé/idirbheartaíocht socraíochta nó breithniú foirmiúil ar chostais a bheith á dhéanamh ag Oifig na mBreithneoirí Costas Dlí.

Déanann an Bord, i gcás gurb indéanta sin, iarracht a chostais dlí a aisghabháil ag eascairt as caingne dlí sa chás go mbronnann na Cúirteanna a leithéid sin de chostais (féach Nóta 16(a)). Déantar cuntas ar chostais dlí in-aisghabhála ar bhonn fáltais airgid agus sonraítear an glanluach taobh

le táillí caiteachais dlí sa bhliain reatha. Dá réir sin, ní dhéantar méideanna in-aisghabhála dlí a thaifeadadh sa Ráiteas faoin Staid Airgeadais.

Déanann an Bord meastachán maidir leis na táillí dlí a bhaineann le cásanna arna gcinneadh ag na Cúirteanna laistigh den bhliain airgeadais. Foráiltear do na costais dlí mheasta sin i ráitis airgeadais an Bhoird.

Táillí dlí i ndáil le cásanna a bhfuil cinneadh le déanamh ag na Cúirteanna maidir leo;

- Déantar táillí dlí atá curtha san áireamh ar shonrasc ag aturnaetha an Bhoird i rith na bliana airgeadais a chur san áireamh i ndáil le táillí caiteachais dlí i rith na bliana.
- Déantar táillí dlí atá tabhaithe ag an mBord ach nach bhfuil curtha san áireamh ar shonrasc ag aturnaetha an Bhoird i rith na bliana airgeadais a mheas agus a chur san áireamh i ráitis airgeadais an Bhoird.

Lena chois sin, athbhreithnítear agus díscríobhtar costais gan íoc nuair a mheastar nach féidir iad a aisghabháil.

n) Léasanna Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe thar shaolré an léasa.

Aithnítear caiteachas de réir méid cothrom thar thréimhse an léasa.

o) Míreanna Infhála

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas idirbhirt, lúide aon bhearnúchán. Níl aon iasacht infhála le tomhas.

p) Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid

Déantar airgead a léiriú i bhfoirm airgid ar láimh agus taiscí le hinstiúidí airgeadais atá in-aisíochta gan phionós i ndiaidh fógra nach faide ná 24 uair an chloig a thabhairt. Is éard atá i gceist le coibhéisí airgid taiscí le hinstiúidí airgeadais atá in-aisíochta gan phionós i ndiaidh fógra nach faide ná 30 lá a thabhairt.

q) Míreanna Iníochta

Tomhaistear creidiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas idirbhirt. Níl aon dlíteanas airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, le tomhas.

r) Beartas maidir le hairgeadra in úsáid

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, arb ionann é agus airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfuil An Bord Pleanála ag feidhmiú. Tugtar anonn sócmhainní nó dliteanais atá ainmnithe in airgeadra eachtrach ag an gcoibhéis Euro tiontaithe ag an ráta seasta atá infheidhme ag dáta an chláir comhardaithe. Aistrítear idirbhearta tabhaithe in airgeadra eachtrach go Euro agus taifeadtar iad ag an ráta malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart.

s) Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla

Ceanglaíonn ullmhú na ráiteas airgeadais go ndéanadh an fhoireann bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanann difear do na méideanna a tuairiscíodh i ndáil le hioncam agus costais i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith éagsúil leis na meastacháin. Bhí an éifeacht is suntasaí ag na meastacháin seo a leanas ar na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais.

(a) *Forálacha* Déanann An Bord Pleanála meastachán maidir leis an bhforáil dlí atá riachtanach ag an dáta tuairiscithe airgeadais. Measadh go bhfuil an méid a bhaineann leis an bhforáil seo cothrom le €14,425,157 ag dáta an Ráitis faoin Staid Airgeadais (Nóta 16 (c)).

(b) *Oibleagáid Sochair Scoir* Déantar na toimhdí atá mar bhonn leis na luachálacha achtúireacha le haghaidh na méideanna aitheanta sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe ar leibhéil chúitimh thodhchaíocha, rátaí mortlaíochta agus rátaí a bhaineann le treochtaí costais cúraim sláinte) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar choinníollacha eacnamaíocha reatha, agus ar aon athrú ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an méid seo a leanas ar thoirimhdí:

- i. An ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí corparáideacha ar ardchaighdeán.
- ii. Leibhéil chúitimh thodhchaíocha, coinníollacha an mhargaidh fostaíochta thodhchaíocha.

2. Deontais Oireachtais

Áirítear sna Deontais Oireachtais vótáilte chuig An Bord Pleanála ó fho-cheannteideal D.3 Vóta 34 - An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht mar a léirítear sna ráitis airgeadais:

	2024 €	2023 €
Suim chomhlán an deontais don chaiteachas reatha	37,255,687	31,368,091
Lúide ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostaí coinnithe		
Ranníocaíochtaí fostaí scéimeanna aoisliúntais An Bord Pleanála coinnithe	(522,803)	(489,091)
Deontas don chaiteachas reatha faighte	36,732,884	30,879,000
Lúide ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostaí curtha ar ais		
Curtha ar ais chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (RAB)	(731,240)	(606,885)
Curtha ar ais chuig an Roinn Caiteachais, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe (SPASP)	(361,365)	(229,818)
Deontas Glan do chaiteachas reatha	35,640,279	30,042,297
Deontas do chaiteachas straitéise – Córas Bainistíochta Cáis – faighte	1,500,000	0
Deontas Straitéis Fágtha tugtha ar aghaidh ón mbliain roimhe sin	0	101,862
Deontas Straitéise Neamhúsáidte tugtha ar aghaidh go dtí an chéad bhliain eile*	(491,891)	0
	36,648,388	30,144,159

* Deontas Straitéise larchurtha neamhchaite in 2024: €492K (2023: €Náid). Féach Nóta 14.

3. (a) Ioncam Táillí

	2024 €	2023 €
Táillí faighte i ndáil le hachomharc, cásanna atreoraithe	1,590,601	1,643,772
Aisíocaíochtaí i ndáil le hachomhairc	(250,589)	(143,330)
	1,340,012	1,500,442
Táillí faighte i ndáil le cásanna toilithe ionadacha	156,563	7,775
Aisghabháil costais ó iarratasóirí i ndáil le cásanna toilithe ionadacha	0	0
Aisíocaíochtaí curtha ar fáil d'iarratasóirí	(13,102)	(3,050)
	143,461	4,725
	1,483,473	1,505,167

* Táillí iarratais toilithe ionadacha faighte de réir alt 177M d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

3. (b) Táillí d'Fhorbairt Tithíochta Straitéisí

	2024 €	2023 €
Táillí faighte i ndáil le Tithíocht Shóisialta ¹	50	220
Íocaíochtaí pionóis Alt 9(13) (d) ²	(0)	(80,000)
Aisíocaíochtaí faighte i ndáil le Tithíocht Straitéiseach ³	(0)	(39,730)
Gluaiseacht ar Dhliteanas Aisíocaíochta i ndáil le Tithíocht Straitéiseach ³	17,500	0
	17,550	(119,510)

¹ Tháinig Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016, agus Rialacháin um Phleanáil agus Forbairt (Forbairt Tithíochta Straitéisí), 2017, faoi I.R. Uimh. 270 de 2017 agus I.R. Uimh. 271 de 2017, i bhfeidhm ar an 3^ú lá de mhí Iúil 2017. Stopadh ag glacadh le cásobair FTS in 2022 i ndiaidh deireadh a chur leis an reachtaíocht ag deireadh 2021. Baineann figiúirí 2024 le coigeartuithe ar fhorálacha aisíocaíochta ar na cásanna FTS fágtha arna gcinneadh.

² Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016 Alt 9(13)(d) - sa chás gur theip ar an mBord cinneadh a dhéanamh faoin alt seo i ndáil le hiarratas laistigh den tréimhse sonraithe in Alt 9 (9)(a), tá íocaíocht pionóis iníoctha leis an iarratasóir.

³ Faightear táillí Tithíochta Straitéisí de réir alt 4 agus alt 5 d'Acht um Pleanáil agus Forbairt (Tithíocht) agus um Thionóntachtaí Cónaithe, 2016.

Faoi Airteagal 305 de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar An Bord Pleanála 50% de na táillí iarratais faighte le haghaidh na gcásanna seo a íoc leis an Údarás Pleanála ábhartha.

3. (c) Táillí d'Fhorbairt Mhórsála Chónaithe

